


PLEAN STRAITÉISEACH

2020-
2025



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Átha Cliath

Pobal agus
Ceangal




PLEAN STRAITÉISEACH
2020 — 2025

Pobal agus Ceangal



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Átha Cliath






Clár Ábhair

Fís, Luachanna agus Misean	4
Réamhrá	10
I dtreo 2025: Pobal agus Ceangal	12
9 Sprioc	24
Thar 2025 amach	44
Cur i bhfeidhm	48
Aguisín	52

Fís, Luachanna agus Misean





Is pobal léinn, taighde agus scoláireachta sinn atá ceangailte le chéile ar fud an domhain agus a spreagann na glúnta chun dúshlán na todhchaí a shárú.



Fiosrach
Ceannródaíoch
Freagrach
Cuimsitheach
Comhoibríoch



Ár bPríomh-mhisean (CORE)

GNÍOMHAÍOCHT SAORÁNACH

Trínár dteagasc, ár dtaighde agus ár gcaidreamh leis an bpobal, cuirimid sochaí iolraíoch, chóir agus inbhuanaithe chun cinn go misniúil.

TAIGHDE


Téann an obair thaighde a dhéantar ag teorainneacha agus crosbhealaí dhisciplíní léinn chun sochair dár mic léinn, d'Éirinn agus don domhan.

EAGRÚCHÁN

Cothaítear eagraíocht éifeachtach, sholúbtha ina bhfuil meas ar an uile dhuine inár bpobal.

OIDEACHAS

Tugtar dúshlán dár mic léinn smaoineamh go neamhspleách, cumarsáid éifeachtach a dhéanamh, gníomhú go freagrach agus forbairt go leanúnach ionas go mbíonn siad réidh do shaol gníomhach saoránachta.





Réamhrá



Is leis an bPlean Straitéiseach seo a mhúnlófar todhchaí na hollscoile chun leasa na hÉireann agus an domhain. Is léiriú teideal an phlean, ‘*Pobal agus Ceangal*’, ar an meon atá againn, nuair is mó atáthar ag brath ar a chéile sa saol seo, gur gá oibriú níos dlúithe le chéile ar bhealaí nua chun tabhairt faoi na dúshláin ollmhóra atá le sárú againn.

Gabhaim buíochas, thar ceann na mac léinn, na mball foirne agus na gcéimithe uile, leo siúd a chruthaigh an plean, na comhghleacaithe agus na comhairleoirí seachtracha san áireamh a bhí ar na grúpaí oibre éagsúla. Threoraigh Chris Morash, Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil, an próiseas pleanála straitéisí go dtí mí Iúil 2019, nuair a tháinig Jürgen Barkhoff i gcomharbacht air agus eisean a thug an próiseas chun críche. Gabhaim buíochas leis an mbeirt acu as a gcuid cumais agus dúthrachta. Leag Geraldine Ruane, an Príomhoifigeach Oibriúcháin, agus Antoinette Quinn, an Stiúthóir Acmhainní Daonna, béim riachtanach ar an ról atá ag an bhfoireann ghairmiúil leis an gcoincheap gur ‘aon phobal amháin pobal Choláiste na Tríonóide’. Chuir an Príomhoifigeach Airgeadais, Peter Reynolds, agus a fhoireann tacaíocht an-tábhachtach maidir le gnóthaí airgeadais faoin bplean agus, dá bhun sin, d’aontaigh an Bord an plean i mí na Nollag 2019. Tríd an bPlean Straitéiseach seo a aontú, glacann Bord an Choláiste leis an bhfreagracht as a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm é.

Leis an bPlean Straitéiseach seo, táthar ag féachaint le talamh slán a dhéanamh dá bhfuil bainte amach i réimsí éagsúla: rannpháirtíocht agus rochtain, athchóiriú ar an gcuraclam fochéime, caidreamh domhanda agus earcú mac léinn idirnáisiúnta, tionchar taighde agus tús áite a thabhairt do théamaí taighde, agus inbhuanaitheacht airgeadais.

Tugtar faoi chúrsaí nua freisin faoin bPlean Straitéiseach seo mar fhreagra ar dhúshláin nua. Ar na dúshláin is mó, tá siad sin a thagann de bharr an domhandaithe, na teicneolaíochta agus an athraithe ar chúrsaí timpeallachta. Déantar beart ina leith sin sa Phlean Straitéiseach seo trí Institiúid E3 san Innealtóireacht, Timpeallacht agus Teicneolaíochtaí Atá ag Teacht Chun Cinn a mholadh; Campas Nuálaíochta a thabhairt chun cinn ag Cé na Canálach Móire; Institiúid Ailse San Séamas Choláiste na Tríonóide a chur ar bun; agus athchóiriú a dhéanamh ar an tSean-Leabharlann agus Lárionad Staidéir do na Bailiúcháin Taighde a chruthú, chomh maith le tionscnaimh eile lena n-áirítear clár ‘*Glúnta Nua*’ maidir le baill foirne acadúla a earcú agus scoláireachtaí do mhic léinn.

Tá sé tábhachtach chomh maith go dtéitear i ngleic leis an gclaoanadh ar fud an domhain níos lú maoinithe stáit a chur ar fáil don ardoideachas agus don taighde; tharla ísliú i dtíortha eile chomh maith ach tá an t-íslí in Éirinn tar éis a bheith níos tapa ná i dtíortha eile san Eoraip. Is dóigh liom go bhfuil éirithe go maith le Coláiste na Tríonóide déileáil leis gcás airgeadais seo mar gheall ar dhícheall díograiseach leanúnach phobal uile an Choláiste. Dá ainneoin sin, tá drochthoradh air seo ó thaobh acmhainne iomaíochta go hidirnáisiúnta mar is léir ó na liostaí rangaithe. Is é is tábhachtaí chun sin a leigheas ná a áitiú ar an rialtas cur leis an maoiniú poiblí do thaighde

faoi stiúir imscrúdaitheora, ní hamháin mar gheall ar an tairbhe a dhéantar go fadtéarmach don tsochaí ach mar gheall gur foinse na nuálaíochta agus geilleagair eolasbhunaithe rathúil é. Leanfar chomh maith den rath atá orainn ag aimsiú maoiniú taighde faoi chláir an Choimisiúin Eorpaigh.

Bíonn an bheartaíocht a dhéantar nuair bhíonn dúshlán le sárú ag brath ar na luachanna atá againn. Faoin bPlean Straitéiseach seo, cuirtear luachanna Choláiste na Tríonóide in iúl go gonta le cúig cinn d'fhocail: fiosrach, ceannródaíoch, freagrach, cuimsitheach agus comhoibríoch. Tá béim i gcónaí ar an bhfís atá againn go mbeadh tionchar domhanda ag an ollscoil, ach treisítear leis sin trína dtagann i gceist leis a chur in iúl níos fearr, lena n-áirítear an aidhm atá le *'Glúnta á Spreagadh'* tabhairt faoi dhúshlán na linne seo romhainn a shárú le hobair thaighde agus le scoláireacht. Fáiltím roimh na hathruithe seo maidir leis na luachanna agus an fhís ós treisiú atá i gceist ar mhisean Choláiste na Tríonóide mar ollscoil taighde.

Bíonn cuid mhór freagrachta ar ollscoil taighde. Ní mór a bheith tugtha, ar an gcéad dul síos, don luach a ghabhann le heolas nua a aimsiú — ríthugtha dá chruthú agus ríthugtha dá chur in iúl do dhaoine eile trína fhoilsiú ar bhealaí éagsúla, Scoláireacht Oscailte san áireamh, ionas go scaiptear torthaí taighde agus scoláireachta ar mhaithe leis an tsochaí go léir agus go dtéann siad i bhfeidhm ar an mbeartas poiblí agus ar an saol poiblí. Tá i gceist le hollscoil taighde freisin go nglactar leis gur comhpháirtíocht san fhoghlaim idir an fhoireann agus na mic léinn atá in ollscoileanna. Agus an ní is tábhachtaí, seasann ollscoil taighde i gcoinne na ndaoine sin a deir go bhfuil dóthain againn de shaineolaithe agus a tharraingíonn amhras ar an bhfiúntas atá le heolas a úsáid chun sochaí iolraíoch, chóir, inbhuanaithe a chur chun tosaigh.

Táim ag tnúth leis an obair in éineacht le pobal uile an Choláiste agus le gach duine den lucht tacaíochta agus comhoibríthe chun spriocanna uailmhianacha an Phlean Straitéisigh seo a chur i gcrích.

Is mise, le meas,

Patrick Prendergast

PROPAST & UACHTARÁN



I dtreo 2025: Pobal agus Ceangal





I dtreo 2025: Pobal agus Ceangal

Tá foirgneamh beag ar fhearann Chaisleán Bhiorra, cuid de champas Choláiste na Tríonóide dá réir sin, nach dtabharfaí mórán suntais dó ach ar leide atá ann maidir le tuiscint ar Choláiste na Tríonóide a bheith chun cinn ar ollscoileanna eile na hÉireann maidir le cúrsaí taighde sa lá atá inniu ann. Is féidir stair an fhoirgnimh a ríomh siar go dtí an bhliain 1845 nuair a thóg William Parsons (céimí de chuid Choláiste na Tríonóide agus Seansailéir na hollscoile tráth ab fhaide anonn) an teileascóp ba mhó ar domhan, ar ar tugadh an '*Leviathan of Parsonstown*', ar fhearann an chaisleáin. Is ansin a nocht pobal beag scoláirí ceannródaíocha leagan amach na réaltra agus a d'aimsigh gealacha lúpatair. Is é teileascóp raidió LOFAR Leviathan an lae inniu. Is córas digiteach atá i gceist leis trína gceanglaítear aeróga atá scaipthe ar fud mhórchríoch iomlán na hEorpa. Tá nód de chuid chóras LOFAR suite taobh leis an áit a mbíodh an Leviathan i gCaisleán Bhiorra agus is san fhoirgneamh neamshuntasach de chuid Choláiste na Tríonóide a dhéantar an obair ina leith. Is anseo atá an ceacht do phobal na hollscoile san aonú haois is fiche: ní hionann fás agus dul chun cinn sa lá atá inniu ann agus a bheith ag dul i méid, ciallaíonn siad go bhfuil níos mó ceangail againn lena chéile.

Tá a fhios sin againne i gColáiste na Tríonóide. Is mór idir feidhmiú ar champas oidhreacht 44 acra i gceantar cúng i lár cathrach le foirgnimh ísle agus feidhmiú ar champas ar láithreán úrnua, mar a bhfuil spásanna oscailte ar fáil nuair a bhíonn leathnú de dhíth. Tá príomhchampas Choláiste na Tríonóide bunaithe thart ar chúig cinn de chearnóga agus dhá pháirc imeartha, spás ina bhfuil tábhacht le gach méadar cearnach. Ciallaíonn maireachtáil agus oibriú ar champas dá leithéid go mbíonn aird i gcónaí ar cheacht a mbíonn a mhacalla le cloisteáil ar bhealaí éagsúla ar fud an phláinéid sa lá atá inniu ann. I ndomhan atá teoranta ó thaobh acmhainní de, ní féidir forás ná forbairt a dhéanamh níos mó i gcríocha neamháitrithe, ní bheidh níos mó talún ar fáil; is éard atá i gceist le forbairt sa lá atá inniu ann ná ceangail a chruthú, maireachtáil go stuama leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn agus a fhágfar le hoidhreacht ag na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh. Do phobal Choláiste na Tríonóide, bainfidh tuiscint as an nua ar a bhfuil i gceist lenár gcaidreamh domhanda agus a bhfuil de fhreagracht ar an gColáiste le feidhmiú sa saol idircheangailte. Bainfidh sin go mór leis an dícheall maidir leis an bhfeachtas daonchairdis is uailmhianaí a stair na hÉireann, '*Glúnta á Spreagadh*' (*Inspiring Generations*), trína ndéanfar 140,000 alumna agus lucht tacaíochta ar fud an domhain a shlógadh chun €400m a bhailiú d'fhonn an ollscoil a thabhairt chun cinn leis an gcéad chéim forbartha eile.

Seo a leanas na trí príomhthosaíocht atá againn:

Tosaíocht 1: Éagsúlacht agus taithí mac léinn

Fágann smaointeoireacht a dhéanamh faoi Choláiste na Tríonóide ar an gcaoi seo go dtagann ceisteanna chun tosaigh maidir leis an gcineál ollscoile is mian linn a thabhairt i gcrích agus leis an gcomhdhéanamh is fearr ar líon na mac léinn go ceann cúig bliana agus ina dhiaidh sin. Ní beag an bhaint a bhí ag lucht saothair chomh hoilte agus atá ar domhan a bheith in Éirinn leis an athrú suntasach go córas eacnamaíochta atá bunaithe ar an nuálaíocht sa tír seo le tríocha bliain anuas. Ní mór an dea-thoradh sin a choinneáil ar bun i rith na mblianta idir 2020 agus 2025 agus ardú tuairim is 12% á thuar ar líon na mac léinn i gcóras ardoideachais na hÉireann faoin mbliain 2025. I gColáiste na Tríonóide, déanfar ár gcion maidir le freastal don éileamh seo

agus, bunaithe ar anailís ar gach clár faoi seach, táthar ag tuar go dtiocfaidh ardú ar líon na mac léinn ó bheagán le cois 18,000 sa bhliain 2018 go dtí tuairim is 21,500 sa bhliain 2025. Déanfar bainistíocht chúramach i leith fhorás den chineál sin ar fud na gcatagóirí éagsúla de mhic léinn faoi pholasaí maidir le forbairt straitéiseach, leis na hacmhainní cuí chuige sin, a fhágfaidh an Coláiste i riocht roghanna lena mbaineann níos mó cruthaitheachta a thástáil d'fhonn na héilimh athraitheacha a bhaineann le déimeagrafach mac léinn atá ag forbairt a shárú. Táthar diongbháilte go háirithe maidir lena chinntiú nach gcuirfidh forás den sórt seo isteach ar fhoghlaim na mac léinn ná ar dheis na mac léinn, fochéimithe agus iarchéimithe araon, ar aird aonair agus ar chaidreamh le taighdeoirí den scoth, ar threoir phearsanta agus ar mhaoirseacht d'ardchaighdeán. Chun na críche sin, **tá plean uailmhianach againn baill foirne acadúla nua sa bhreis a fhostú sna príomhréimsí sna dámha éagsúla ionas go n-íslítear an cóimheas foriomlán idir foireann agus mac léinn ó na leibhéal arda ag a bhfuil sé faoi láthair go dtí 16:1.**

I gcomhthéacs náisiúnta, ina bhfuil meas ag beartas rialtais ar bheartaíocht idirnáisiúnta, is ábhar mórtais dúinn an suntas atá lenár n-iarrachtaí leanúnacha mic léinn a thabhairt go Coláiste na Tríonóide as gach cuid den domhan maidir leis an gcion tairbhe €386m ó mhic léinn idirnáisiúnta mar ioncam easpórtála bliantúil d'eacnamaíocht na hÉireann. Ní mór ina dhiaidh sin féin, maidir lena mbíonn i gceist leis an ngné idirnáisiúnta don mhac léinn as Singeapór nó don mhac léinn as Sligeach i seomra seimineáir i mBaile Átha Cliath, gnéithe eile a chur in iúl i dtéarmaí nach mbaineann le cúrsaí eacnamaíochta amháin. Is léiriú ar ár luach diongbháilte gur pobal cuimsitheach muid an meascán éagsúil mac léinn a bhíonn ag foghlaim in éineacht agus cuirtear éagsúlacht shocheacnamaíoch agus éagsúlacht tíreolaíochta san áireamh mar chuid den chuspóir straitéiseach amháin seo. Mar shampla, **beidh buntábhacht le Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide maidir le hardú ar chéatadán na mac léinn fochéime de bhunadh chúlraí neamhthraidisiúnta san ardoideachas go dtí 25% faoin mbliain 2025**, mar a dtiocfaidh siad le chéile leis an 30-35% de na mic léinn as tíortha taobh amuigh den AE a bheidh le háireamh i bpobal na mac léinn an tráth sin. Beidh forbairt á déanamh againn freisin, sna blianta beaga seo romhainn, in éineacht le hollscoileanna comhpháirtíochta timpeall na hEorpa, ar cheann d'Ollscoileanna ceannródaíochta nua na hEorpa, CHARM-



EU, trínar féidir le mic léinn céim a chur le chéile trí ghluaiseacht go saor idir cúig fhoras faoi leith. Tá cothú pobail mhic léinn atá éagsúil agus ceangailte le chéile ar fud an domhain an-tábhachtach freisin dár bpríomhluachanna a bhaineann le huileghabhálacht agus le comhoibriú. Sa lá atá inniu ann, tagann aitheantas Choláiste na Tríonóide mar ollscoil dhomhanda go maith le clú na hÉireann mar cheann de na tíortha is domhandaithe ar fud na cruinne san aonú haois is fiche.

Beidh athruithe de chineálacha eile ar phobal na mac léinn chomh maith, de réir mar a sháraitear 30% leis an sciar de na mic léinn ar an gcampas ar mic léinn iarchéime iad, rud a fhágfaidh inchurtha le hollscoileanna taighde eile san Eoraip agus ar fud an domhain muid. D'fhonn ullmhú don athrú sin, déanfar athrú ó bhonn sna cúig bliana atá romhainn ar thaithí an mhic léinn iarchéime, inár gcláir mhúinte agus dár mic léinn iarchéime araon, agus tabharfar sraith clár nua chun cinn atá ceangailte le tionscnaimh thaighde cheannródaíocha.

Tiocfaidh an éabhlóid ar Choláiste na Tríonóide mar ollscoil taighde faoi anáil na tuisceana go bhfuil athrú ó bhonn ar nádúr shaol na hoibre, athrú níos bunúsáí, b'fhéidir, ná mar a tharla le fada i stair an duine. De réir mar a luaitear i dtuarascáil ón OECD sa bhliain 2018 dar teideal *The Future of Education and Skills: Education 2030*: “Caithfear ár gcuid mac léinn a ullmhú do phoist nach bhfuil cruthaithe go fóill, do theicneolaíochtaí nach bhfuil ceaptha go fóill, chun fadhbanna nach bhfuil coinne leo go fóill a réiteach.” Ar leibhéal na bhfochéimithe, beidh beart mór athnuachana ar na curaclaim fochéime tugtha chun críche faoin mbliain 2020 faoi Thionscadal Oideachais Choláiste na Tríonóide, ionas go gcothaítear sa chéimí saintréithe maidir le smaoineamh go neamhspleách, cumarsáid éifeachtach a dhéanamh, gníomhú go freagrach agus forbairt go leanúnach – na saintréithe go díreach a bheidh de dhíth ar chéimithe chun dul in oiriúint do chásanna athraithe sa todhchaí. **Leanfar leis an athnuachan oideolaíochta faoi Thionscadal Oideachais Choláiste na Tríonóide lenár mic léinn ina gcompháirtithe san fhoghlaim agus leis na mic léinn a ullmhú don saol nua oibre le cláir nua uailmhianacha** cosúil leis na cláir atá ceangailte leis an tionscnamh E3 (Innealtóireacht, Timpeallacht agus Teicneolaíochtaí Atá ag Teacht Chun Cinn) a bheidh, ón mbliain 2022 amach, suite i dtimpeallacht foghlama físiúil de chineál nua, Ceárta Foghlama E3 Martin Naughton. Ar an gcuma chéanna, leanfaidh Tangent, Spás Oibre Smoainte Choláiste na Tríonóide, ag cinntiú go mbítear le háireamh ar na hollscoileanna is fearr san Eoraip maidir le fiontraíthe, beart de réir bhriathar Rialtas na hÉireann sa *Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030*, ina luaitear na hollscoileanna mar bhunsraith na nuálaíochta in Éirinn.

Tá dhá bhunchloch eile faoinár mbeart straitéise chun freastal ar an athrú tréan ar shaol na hoibre. Ar an gcéad dul síos, déanfar freastal don éileamh méadaitheach is léir a bheith ag céimithe, foghlaimeoirí feadh saoil agus bail foirne dár gcuid trí **níos mó cúrsaí gairide a chur ar fáil agus straitéisí i ndáil le micrea-cháilíochtaí a mheas i rith na mblianta beaga seo romhainn** a thabharfaidh foghlaimeoirí de chineálacha nua isteach san ollscoil. **Ar an dara dul síos, déanfar straitéis chuimsitheach maidir leis an bhfoghlaim dhigiteach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm** lena leagfar amach polasaithe agus struchtúir ionas go mbíonn lárchóras sochóirithe, somhúnlaithé ar fáil do thimpeallacht foghlama nua bunaithe ar theicneolaíocht den chineál is deireanaí.

Tosaíocht 2: Taighde ar mhaithe le tionchar agus inbhuanaitheacht

Agus Coláiste na Tríonóide ina phríomheagraíocht taighde in Éirinn, tá an obair thaighde i gcoilár na hollscoile agus beidh an Coláiste ina chrann seasta ag obair thaighde de réir mar a leagtar amach sa Straitéis Bheo maidir le Taighde Barr Feabhais a foilsíodh le gairid.


I rith na gcúig bhliana seo romhainn, beidh ceannródaíocht á déanamh againn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta d'fhonn a chinntiú go mbíonn an timpeallacht taighde sa chaoi is gur féidir le taighde chlaochlaitheach teacht chun cinn, ar mhaithe leis an tsochaí. Beidh feachtas ar bun ar mhaithe le maoiniú níos fearr ar bheartaíocht taighde faoi stiúir imscrúdaitheora i mbrainsí den eolaíocht, den eolaíocht shóisialta, de na healaíona agus na daonnachtaí; forchostais leordhóthanacha taighde ó mhaoinitheoirí taighde ionas gur féidir sárthaighde a dhéanamh go leanúnach; níos mó scoláireachtaí Ph.D. agus níos mó deiseanna maoinithe do phríomhimscrúdaitheoirí aonair. Beifear ag agairt ar son mhodhanna éagsúla caomhchóirithe maidir le taighde barr feabhais agus tionchar thorthaí taighde a mheas, go háirithe sna dána agus sna daonnachtaí, mar a leanfar leis an bhforbairt ar cheann de phríomhréimsí Choláiste na Tríonóide le hinfheistiú sa lucht foirne. Ar deireadh, cuirfear go suntasach lenár gcomhpháirtíochtaí le comhlachtaí tionsclaíochta. I ndáil leis an réimse sin, beidh Coláiste na Tríonóide lánach maidir le maitheas a dhéanamh



Bord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

den gheallúint a thugtar sa straitéis náisiúnta Nuálaíocht 2020, arb é an bunphrionsabal ann an fhís go mbeadh Éire ina ceannaire nuálaíochta ar fud an domhain trí dhírú ar shárfeabhas, ar shárcumas agus ar thionchar sa bheartaíocht taighde.

Is léir ó na móthograí caipitil is mó a bhainfidh leis na cúig bliana amach romhainn go bhfuil de rún againn a bheith inár n-ollscoil taighde lena mbaineann tionchar domhanda. Rinneadh diansmaointeoireacht maidir le gach beart forbraíochta d'fhonn a chinntiú gur féidir leas níos éifeachtaí a bhaint as ár spás agus an campas a fhí níos dlúithe le cathair inbhuanaithe. Tá Sean-Leabharlann na hOllscoile i gcoilár an champais agus tráchtann níos mó ná milliún cuairteoir in aghaidh na bliana uirthi; tá ceann de bhailiúcháin mhóra an domhain ar coimeád inti chomh maith. Sna cúig



bliana atá romhainn, **cuirfeadh tús le mórthogra caomhnúcháin ar an tSeán-Leabharlann, arna éascú ag daonchairdeas**, ina mbeidh Lárionad Staidéir nua do na Bailiúcháin Taighde a chuirfidh go mór leis an deis ag taighdeoirí scoláireacht shuntasach a dhéanamh i réimsí na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta.

Soir ón bpríomhchampas, beidh páirt againn i dtogra €1bn maidir le Ceantar Nuálaíochta na Canálach Móire, tionscadal lena mbaineann suntas náisiúnta atá ag teacht leis an bhfís infreastruchtúir a bhaineann le *Tionscadal Éireann 2040*. **Beidh Campas Choláiste na Tríonóide @ Cé na Canálach Móire ar cheann de na bunchlocha leis an athmhapaíl seo ar Bhaile Átha Cliath.** Siar ón bpríomhchampas, beidh forbairt á déanamh i gcomhar le hOspidéal San Séamas, ar Lárionad Cuimsitheach Ailse, mar ionad eiseamláireach barr feabhais sa chúram cliniúil, taighde agus oideachas oinceolaíochta. Is cathair bhríomhar a bhfuil suntas léi ar fud an domhain atá i mBaile Átha Cliath cheana féin agus leantar, leis na mórforbairtí seo, den chaidreamh lenár gcomharsana, le cathair Bhaile Átha Cliath agus le rialtas na hÉireann, d'fhonn Baile Átha Cliath a bheith ar cheann de mhóronaid an domhain don nuálaíocht agus don chruthaitheacht sa 21ú hAois.

Tá, mar bhonn leis an mbeartaíocht seo ar fad, tuiscint glhé gur pribhléid faoi leith againn, agus sinn mar chuid de phobal ollscoile, a bheith ar ár gcumas an todhcháí a mhúnlú chun feabhais. D'fhonn ábhar béime a bheith ann don bhunphrionsabal eitice sin don chúig bliana atá romhainn, **tá dúshlán mór leagtha síos againn: ár gcuid beartaíochta a thabhairt le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ag cur go suntasach lena mhéid is a thagann ár dtaighde agus ár dteagasc leo, agus é mar chuspóir pláinéad sláintiúil agus inbhuanaithe a chothú.** Téann an tionscnamh E3, an chéim teagasc agus an chéim taighde, i ngleic go díreach leis na dúshláin seo; ina ainneoin sin, chun dul i ngleic le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, beidh gá le taighde comhoibriúch leanúnach i ngach disciplín a bhaineann leis na hEolaíochtaí, na hEolaíochtaí Leighis, na hEolaíochtaí Sóisialta, agus na hEalaíona agus na Daonnachtaí le chéile. Taobh amuigh den taighde agus den teagasc, áfach, táimid tugtha go dúthrachtach do chúrsaí inbhuanaitheachta maidir leis an gcaoi ina mairimid le chéile in aon phobal amháin, agus leanfar de bhealaí nua a aimsiú inar féidir an saol a dhéanamh níos córa, níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe, más trínár nósanna taistil agus oibre inbhuanaithe a chleachtadh é nó leis an gcineál infheistíochta a dhéantar.

Tosaíocht 3: Pobal agus eagrúchán éifeachtach

I bhfianaise athrú mór ar phróifíl na mac léinn a bheith i ndán sna cúig bliana atá romhainn, le breis éagsúlachta agus modhanna nua foghlama, **ní mór a chinntiú go mbíonn foireann, infreastruchtúr agus próisis an Choláiste in oiriúint don athrú ar phobal na mac léinn.** Bhí aithne ar Choláiste na Tríonóide riamh as an meon muintearais a chothaítear i measc na mac léinn. Is saoránaigh de chuid pobail iad na mic léinn i gColáiste na Tríonóide, ag a mbíonn páirt ina rialachas agus a chuireann plean straitéiseach dá gcuid féin ar fáil - arna fhoilsiú ag Aontas na Mac Léinn do na blianta 2019-2024, gealltar ann go dtabharfar an ollscoil chun cuntais maidir le gealltanais atá déanta chun cur le taithí an mhic léinn. Tá sé seo le moladh ag cách. Cothaítear an caidreamh speisialta idir na mic léinn agus an institiúid le gnéithe faoi



leith de shaol an mhic léinn, mar shampla córas na nOidí (a cuireadh ar bun san ochtú haois déag), saol beoga chumainn na mac léinn, agus páirt ghníomhach na mac léinn i rialachas na hollscoile ar gach leibhéal. Beidh, ina ainneoin sin, infheistíocht de dhíth maidir le forbairt bhreise a dhéanamh ar thaithí an mhic léinn. D'fhonn a chinntiú go gcaomhnaítear nádúr an Choláiste mar ionad cónaithe, beidh ar a laghad 600 seomra breise do mhic léinn á dtógáil sna cúig bliana atá romhainn agus oibreofar go seasta chun feabhas a chur ar an gcampas mar áit atá oscailte do na mic léinn don fhoghlaim fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta.

Aon ghné amháin den chóras idirspealachais a bhaineann le hollscoil an caidreamh idir an fhoireann acadúil agus na mic léinn. Beidh de phrionsabal againn gur 'aon phobal amháin pobal Choláiste na Tríonóide' ina mbraitheann gach duine muintearas lena chéile agus ina mbíonn aird agus meas ar an uile dhuine, agus cuirfear cleachtais agus polasaithe i bhfeidhm ionas go gcuirtear é sin i gcrích, rud a chothóidh luachanna cóimheasa agus comhoibríthe do gach duine sa Choláiste. Cuid lárnach den tionscnamh seo ná teacht ar **bhealaí nua arís chun eagraíocht níos follasaí, solúbtha agus éifeachtaí a chruthú**. Leis sin caithfear idroibrítheacht a mhéadú idir ár gcórais tacaíochta agus cur leis an éifeachtacht go ginearálta ionas gur fearr a bheidh an fhoireann acadúil in ann díriú ar an bpríomh-mhisean maidir le hoideachas agus le teagasc.



Ciallaíonn ár dtiomantas mar eagraíocht don fhéin-rialachas freagrach go bhfuilimid freagrach dár bpáirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear mic léinn, an fhoireann, céimithe, deontóirí, maoinitheoirí, an rialtas agus an pobal áitiúil. Déanfaimid athbhreithniú ar ár struchtúir rialachais chun a chinntiú go gcuireann siad lenár gcumas ár straitéis agus ár n-uailmhian a chur i gcrích agus chun tacú le bainistiú éifeachtach agus rathúil ar an ollscoil.

Fágann ár dtiomantas tréan do luachanna na huileghabhálachta agus an chomhionannais go mbeifear ag obair go díograiseach chun ár spriocanna uailmhianacha maidir le comhionannas iomlán inscne a bhaint amach faoi chlár Athena SWAN agus Athbhreithniú Náisiúnta ÚAO ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ard-Oideachais (2016). Déanfaimid straitéis láidir i leith an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe a fhorbairt a chuirfidh borradh faoi na prionsabail sin. **Tá ár ndúthacht maidir le cúrsaí eitice agus freagracht don tsochaí le sonrú freisin sa díograis, a roinntear go forleathan, chun gníomhaíocht saoránach a neadú, a chumasú agus a chur in iúl i dtaighde, i dteagasc agus inár gcultúr institiúideach.**

Cé nach bhfuil ansin ach gné amháin den mhisean a dtagann an saol ilghnéitheach in eagraíocht chasta faoina anáil, daingnítear leis freisin an fhís inár leith féin: ***"Is pobal léinn, taighde agus scoláireachta sinn atá ceangailte le chéile ar fud an domhain agus a spreagann na glúnta chun dúshláin na todhchaí a shárú.."***

Ár Spriocanna Trasnaí:

Déantar na trí phríomhthosaíocht atá leagtha amach thuas a thabhairt i gcrích leis na naoi gcinn de spriocanna trasnaí seo a leanas:

1. Pobal mac léinn níos éagsúla agus níos cuimsithí a chothú.
2. Tacú le taithí mac léinn atá bunathraitheach.
3. Teagasc agus foghlaim den chéad ghlúin eile a chleachtadh.
4. Seasamh ar mhaithe leis an taighde, ó thaobh caighdeáin agus tionchair de.
5. Ár n-eagraíocht a mhúnlú agus taighde a dhíriú ar an dúshlán a bhaineann le pláinéad inbhuanaithe agus sláintiúil a bhaint amach.
6. Ár líonra domhanda a shaibhriú agus a leathnú.
7. Ár spás a fhorbairt agus a úsáid go freagrach.
8. Aon phobal amháin a bheidh i bpobal Choláiste na Tríonóide.
9. An bonn airgeadais atá ag teastáil dár bhforbairt amach anseo a aimsiú.

Spriocanna ‘trasnaí’ a thugtar orthu seo mar gheall nach le haon ghné amháin faoi leith de mhisean an Choláiste a bhaineann aon sprioc acu. Ina ionad sin, glactar leis sa phlean, in eagraíocht ilghnéitheach, le daoine atá idirnasctha go himheánach agus go seachtach in iliomad bealaí, go dtarlóidh forbairt ar ghnéithe éagsúla den mhisean le gach sprioc acu. Tá gníomhaíochtaí agus cuspóirí éagsúla ag gabháil le gach ceann de na spriocanna, nach ndéantar aon cheann acu a lua níos mó ná aon uair amháin faoi na spriocanna, cé go dtéann an chuid is mó acu i bhfeidhm ar níos mó ná aon ghné amháin dár misean agus mar sin baineann siad le spriocanna eile chomh maith. Ar mhaithe leis an idirspiléachas a léiriú, ceanglaítear sa Phlean Straitéiseach seo gach cuspóir lenár bpríomh-mhisean (CORE).

Ar cheann dár ngníomhaíochtaí, mar shampla, tá geallúint tabhairt faoi obair chaomhnaithe thábhachtach ar an tSean-Leabharlann. Ós cuid de sin Lárionad Staidéir do na Bailiúcháin Taighde a chruthú, beidh ár spriocanna taighde á gcur chun cinn agus cuirfear le teagasc taighde-threoraithe, agus ag an tráth céanna, beidh gá le hobair infreastructúir, le planáil airgeadais agus le tionscnaimh pholasaí, agus beidh an Lárionad Taispeántais nua mar ghné dár gcaidreamh leis an bpobal i gcoitinne. Baineann an togra seo dá réir sin le gach gné de na ceithre cinn a ghabhann lenár misean: Gníomhaíocht Saoránach **C**, Eagrúchán **O**, Taighde **R** agus Oideachas **E**. Ar mhaithe leis an gceangal sin a léiriú sa phlean, luaitear “**CORE**” leis an ngníomhaíocht sin.

Is de thoradh próiseas comhairliúcháin agus planáil straitéise a dhéanamh ar fud na hinstitiúide go léir na naoi gcinn de spriocanna idirnasctha agus trasnaí seo. Is próiseas leanúnach an phleanáil straitéiseach agus dlúthchuid de shaol Choláiste na Tríonóide dá bharr sin, an siocair a bhíonn le cinntí agus le gníomhaíochtaí oibre ar gach leibhéal. Le tamall anuas, an tréimhse a raibh an phlean nua seo á chur i dtoll a chéile, aontaíodh naoi gcinn déag de thionscnaimh straitéiseacha éagsúla a chuirfear i gcrích i rith na mblianta idir 2020 agus 2025. Áirítear orthu sin, mar shampla, an gheallúint athbheochan a dhéanamh ar ár gcuid seirbhísí riaracháin agus gairmiúla faoi START, Plean Forbartha Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide faoinar osclaíodh an Scoil Ghnó nua €80m sa bhliain 2019 agus an Feachtas Daonchairdis €400m ‘Glúnta á Spreagadh’ (Inspiring Generations) a seoladh i rith na bliana 2019 chomh maith. Tá na tionscnaimh éagsúla seo ar fad, maille leis na gníomhaíochtaí, na cuspóirí agus an cás gnó a ghabhann le gach ceann acu, fite tríd an lón eolais is bun leis an bPlean Straitéiseach seo. Déantar tagairt dóibh leis na giorrúcháin a luaitear tar éis gach gníomhaíocht nó cuspóir agus atá ceangailte leis an aguisín ina dtugtar sonraí breise faoi na tionscnaimh agus faoi na daoine atá ag obair ar a gcur i bhfeidhm.




Ár bPríomh-mhisean (CORE)

GNÍOMHAÍOCHT SAORÁNACH

Trínár dteagasc, ár dtaighde agus ár gcaidreamh leis an bpobal, cuirimid sochaí iolraíoch, chóir agus inbhuanaithe chun cinn go misniúil.

TAIGHDE

Téann an obair thaighde a dhéantar ag teorainneacha agus crosbhealaí dhisciplíní léinn chun sochair dár mic léinn, d'Éirinn agus don domhan.



EAGRÚCHÁN

Cothaítear eagraíocht éifeachtach, sholúbtha ina bhfuil meas ar an uile dhuine inár bpobal.

OIDEACHAS

Tugtar dúshlán dár mic léinn smaoineamh go neamhspleách, cumarsáid éifeachtach a dhéanamh, gníomhú go freagrach agus forbairt go leanúnach ionas go mbíonn siad réidh do shaol gníomhach saoránachta.

9 Spríoc










Spríoc 1:

Pobal mac léinn níos éagsúla agus níos cuimsithí a chothú.

Tá Coláiste na Tríonóide tugtha do pholasaí maidir le forás a dhéanamh a ndéantar bainistíocht ina leith agus a gcuirtear acmhainní ar fáil chuige, leis an mbéim ar ardchaighdeán oideachais, ar rochtain, ar idirnáisiúnu agus ar thaithí mac léinn. Faoin mbliain 2025, beidh tuairim is 21,500 mac léinn sa Choláiste. Is pobal cuimsitheach atá ionainn le meas ar an éagsúlacht agus bítear dúthrachtach maidir le bearta tacaíochta leordhóthanacha a chur ar fáil chun bonn treise a chur faoin éagsúlacht sin. Tuigtear gur iomaí bealach ina dtagann an éagsúlacht chun cinn. Táthar tugtha do dheis níos forleithne a thabhairt ar fud speictream sóisialta na hÉireann ar rochtain chun na hollscoile agus géarófar ar an dícheall maidir le comhionannas deiseanna a thabhairt trí threisiú le Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide. Ag an am céanna, leanfar de na mic léinn is fearr ar fud an domhain a mhealladh ar bhealach atá ag teacht le hionad na hollscoile i measc ollscoileanna na hEorpa atá ag dul i bhfeidhm ar fud an domhain maidir le hobair thaighde agus scoláireachta. Táthar díograiseach ar an gcuma chéanna maidir lena bhfuil de fhreagracht orainn ar cheann d'ollscoileanna na hÉireann agus leis an dualgas oideachas a chur ar ghlúnta i ndiaidh a chéile de mhuintir an oileáin ar fad, ó thuaidh agus ó dheas. Beifear ag cur go mór freisin leis na cúrsaí a chuirtear ar fáil de réir an mhoduil agus le cláir ghearrthéarmacha ionas go ndéantar soláthar don éileamh maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach, agus go n-ullmhaítear foghlaimoirí feadh saoil do shaol luath-athraitheach na hoibre. Déantar sin ar fad ó tharla go bhfeictear, inár n-oidí dúinn, gur saibhre an fhoghlaim a dhéantar nuair a bhíonn leaganacha cainte de chineálacha iomadúla le cloisteáil ar fud an champais.



Chun an sprioc seo a bhaint amach, tabharfar faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:

-  1.1 Straitéisí a thabhairt i bhfeidhm chun a chinntiú gur thar sáile isteach go hÉirinn a thagann níos mó ná 30% de na mic léinn faoin mbliain 2025, ardú ó bhonnlíne 24% na bliana 2016/17. [GRS3]
-  1.2 Straitéis iontrála nua d'fhochéimithe a aontú faoin mbliain 2021 d'fhonn barr feabhais a spreagadh trí chur leis an éagsúlacht shocheacnamaíochta agus tíreolaíochta maidir le mic léinn Éireannacha san ollscoil. [SL]
-  1.3 Ardú níos mó ná dúbailt, go dtí 90, a thabhairt i bhfeidhm maidir le líon na mac léinn a thagann ó chúrsaí Breisoideachais isteach i gcláir de chuid Choláiste na Tríonóide faoin mbliain 2025, ardú ó bhonnlíne 40 sa bhliain 2016/17. [TAP]
-  1.4 Faoin mbliain 2023, 100 beart caidrimh le scoileanna faoi Rochtain21 Choláiste na Tríonóide a eagrú a mbeidh comhpháirtíocht dhlúth ar feadh 6 bliana i gceist le 20 acu (scoileanna ceannródaíochta) agus caidreamh 1-3 bliana i gceist le 80 acu faoi scéim ghradam na Scoileanna Ardréime (scoileanna líonra). [TAP; TA21]
-  1.5 Cur leis an deis rochtana agus an uileghabhálacht a chinntiú. Mic léinn a thagann isteach go Coláiste na Tríonóide trí Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide nó faoi na scéimeanna náisiúnta HEAR agus DARE agus grúpaí eile atá faoi ghannionadaíocht a bheidh in 25% de na mic léinn fochéime. [AP]
-  1.6 A chinntiú go mbíonn teacht ag pobal éagsúil na mac léinn ar thacaíocht den chéad scoth chomh maith le roghanna lónadóireachta níos fairsinge agus níos éagsúla, lena n-áirítear ionaid ina mbeidh siad ábalta a gcuid bia féin a réiteach. [GRS3; D&I; TCDSU]
-  1.7 Cultúr a chur ar bun lena mbaineann an comhionannas agus an cuimsiú, meas agus dínit i ngach gné dár gcuid oibríochtaí chun bunchóras a chur ar fáil inar féidir le gach mac léinn de chuid na hollscoile teacht faoi bhláth gan bheann ar a mbunadh trí straitéis láidir Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe a bhunú. [D&I]
-  1.8 Cur leis an réimse scoláireachtaí do na mic léinn, arna éascú ag an daonchairdeas. [TDA]
-  1.9 Pobal na hollscoile i gcoitinne a spreagadh maidir le mic léinn faoi mhíchumas a chumasú. [D&I]
-  1.10 Straitéisí, polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ionas gur féidir foghlaim a dhéanamh agus cláir a chur ar fáil ar bhealaí níos éagsúla agus níos solúbtha i réimsí na forbartha gairmiúla leanúnaí agus na micrea-cháilíochtaí, lena n-áirítear polasaí maidir le foghlaim réamhchreidiúnaithe. [SL; AR]

Spríoc 2:

Tacú le taithí mac léinn atá bunathraitheach.

Tá aitheantas foirmeálta ag na mic léinn i gColáiste na Tríonóide mar chomhpháirtithe i gcúrsaí rialachais san ollscoil trí bhallaíocht a bheith acu ar an mBord agus ar an gComhairle agus trí Chomhaontú Comhpháirtíochta na Mac Léinn. Oibrítear as lámha a chéile inár gcomhpháirtithe gníomhacha chun forbairt bhreise a dhéanamh ar thaithí an mhic léinn i gColáiste na Tríonóide agus chun a chinntiú go dtreisítear an fhorbairt ar acmhainn iomlán an mhic léinn. Tá buntábhacht leis an atmaisféar sainiúil agus le hachar dlúth an phríomhchampsais chun pobal bríomhar mac léinn a chruthú. Ó thús stair Choláiste na Tríonóide, tá eachtraí suntasacha ag tarlú i saol an mhic léinn taobh amuigh den seomra seimineáir, den halla léachtaí agus den tsaotharlann chomh maith le taobh istigh. Bíonn an teagasc i gColáiste na Tríonóide, ar gach leibhéal, bunaithe ar obair thaighde agus cuirtear ar chumas na mac léinn a gcuid scileanna taighde féin a fhorbairt agus spreagtar iad chun clár taighde dá gcuid féin a chur chun cinn, más tionscadal buaicphointe bhliain na céime atá i gceist d'fhochéimithe nó trí na foilseacháin éagsúla do mhic léinn a dtacaíonn an ollscoil leo. D'fhonn a chinntiú go mbíonn taithí foghlama mhic léinn Choláiste na Tríonóide bunaithe i gcónaí ar dhlúthchaidreamh lena gcuid léachtóirí agus leis an obair thaighde atá ar bun acu, táthar tugtha d'fheabhas a chur ar an gcóimheas idir foireann agus mac léinn trí pholasaí maidir le forás rialaithe ar líon na mac léinn ar fud na gcatagóirí éagsúla mac léinn a chur i bhfeidhm in éineacht le hinfheistiúocht mhór i gcúrsaí foirne.

Cothófar an fhoghlaim fhoirmeálta agus an fhoghlaim neamhfhoirmeálta ar bhealaí éagsúla le feabhas ar sheirbhísí do mhic léinn. De réir mar a théann líon na ndaoine ar an gcampas i méid, tá brú níos géire ar spás, agus beidh bearta á ndéanamh againn chun feabhas a chur ar na spásanna foghlama agus ar na spásanna neamhfhoirmeálta ina dtarlaíonn cuid mhór de shaol an mhic léinn. Beidh práinn níos mó arís i rith na mblianta seo amach romhainn, mar gheall ar shuíomh Choláiste na Tríonóide i gceann de na limistéir is bríomhaire i bpríomhchathair bheo, leis na deacrachtaí a bhaineann le cóiríocht inacmhainne do mhic léinn a shárú. Féachfar leis na deacrachtaí sin a shárú, ní amháin trí níos mó seomraí do mhic léinn a thógáil, ach trí chur le réimse na roghanna lóistín a bheidh ar fáil le haird faoi leith ar an gcíos a bheith inacmhainne. Bearta iad sin ar fad a fhágfaidh gur féidir an phríomhaidhm a bhaint amach: ní mór claochlú i saol an mhic léinn a bheith i gceist leis an tréimhse a chaitear i gColáiste na Tríonóide sa chaoi is gur féidir leis an mac léinn tabhairt faoi shaol oibre rathúil agus saol sásúil a chaitheamh mar shaoránach a chuireann spéis i gcúrsaí an tsaol, ag a bhfuil saintréithe an chéimí smaoineamh go neamhspleách, cumarsáid éifeachtach a dhéanamh, gníomhú go freagrach agus forbairt go leanúnach.



Chun an sprioc seo a bhaint amach, tabharfar faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- 2.1 An cóimheas idir foireann agus mac léinn a íslíú go dtí 16:1 faoin mbliain 2025, i gcomórtas le bonnlíne 18:1 sa bhliain 2017/18. [VPO; FSD; DR]
- 2.2 Taithí an fhochéimí a thabhairt níos gaire do thaithí an iarchéimí thaighde trí Thionscadail Bhuaicphointe a phríomhshruthú i ngach clár faoin mbliain 2020. [TEP]
- 2.3 Athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar thaithí na mac léinn iarchéime ar chúrsa teagaisc nó ar chlár taighde agus a chinntiú go ndéantar freastal ar a gcuid riachtanas faoi leith. [DGS]
- 2.4 Cur le caighdeán agus le hacmhainneacht na seirbhísí mac léinn i gcomhréir leis an bhforás ar líon na mac léinn agus cur leis na seirbhísí sláinte agus folláine don mhac léinn. [CSD]
- 2.5 Feabhas a chur ar thaithí na mac léinn trí bhearta breise maidir le gníomhaíochtaí gairme agus forbartha pearsanta. [TEP]
- 2.6 Forbairt ar chóras na nOidí do mhic léinn fochéime, trí chur le líon na nOidí sa Choláiste agus laghdú ar mhéid na ngrúpaí mac léinn. [ST]
- 2.7 Príomhshruthú a dhéanamh ar chlárú ar líne do mhodúil gan fhadhb, rollú agus eolas a chur ar fáil ar bhealach comhtháite do gach mac léinn. [TEP; CSD]
- 2.8 Níos mó spásanna neamhfhoirmeálta do mhic léinn agus spásanna d'fhoghlaim neamhfhoirmeálta a oscailt chun tacú le mic léinn níos mó ama a chaitheamh ar an gcampas trí, mar shampla, Seomra Léitheoireachta 1937 a athchóiriú mar spás tiomnaithe do mhic léinn iarchéime a mbeidh teacht iomlán acu air. [ES; LS]
- 2.9 Cearnóg na Clólainne a oscailt sa bhliain 2021, ionas go mbíonn spás leapa do 250 mac léinn breise ar fáil chomh maith le lárionad leasa do mhic léinn. [ES; TCDSU]
- 2.10 Oibriú i gcomhar le hAontas na Mac Léinn chun treisiú leis an tSeirbhís Chomhairleach maidir le Cóiríocht. [DS; TCDSU]
- 2.11 Nósanna imeachta do chta a thabhairt isteach chun dul i ngleic le saincheisteanna a thagann chun cinn ó shuirbhéanna mac léinn, lena n-áirítear an Suirbhé ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn in Éirinn agus Baraiméadar Idirnáisiúnta na Mac Léinn. [DS]

Sprioc 3:

Teagasc agus foghlaim den chéad ghlúin eile a chleachtadh.

I gColáiste na Tríonóide, bíonn an teagasc bunaithe ar an taighde ar gach bealach is féidir; bíonn an curaclam ar na leibhéil ar fad á mhúnlú go leanúnach de réir mar a chruthaítear eolas agus tuiscint nua. Ar leibhéal na bhfóchéimithe, beidh an t-athnuachan ar oideachas Choláiste na Tríonóide a forbraíodh faoi Phlean Straitéiseach 2014-19 á thabhairt go deireadh chéim an tionscadail i rith na bliana 2020 agus leanfar ina dhiaidh sin den athnuachan leanúnach ar na modhanna teagaisc mar ghnáthchuid de shaol na hollscoile. I rith ré feidhme an Phlean Straitéisigh seo, díreofar ar fheabhas a chur ar thaithí na mac léinn iarchéime agus déanfar athbhreithniú agus athnuachan bunúsach ar an gcur chuige maidir le struchtúir, clár agus modhanna teagaisc ar chúrsaí iarchéime múinte agus maidir le modhanna maoirseachta do mhic léinn taighde iarchéime. Tuarann réamh-mheastacháin choimeádacha gur mic léinn iarchéime a bheidh i níos mó ná 30% dár mic léinn faoin mbliain 2025, agus sa mheántearma, go dtarlóidh meascán tuairim is dhá thrian le haon trian fóchéimithe le hiarchéimithe sa Choláiste. Táthar den tuairim gur sprioc chuí atá ansin don ollscoil is mó le rá in Éirinn maidir le cúrsaí taighde agus gur cheart treisiú leis an dea-chlú sin trína bheith ar an gcoláiste is mó le rá maidir le mic léinn iarchéime.

Fágann na deacrachtaí atá á gcruthú maidir le saol na hoibre agus na foghlama san am atá romhainn ag teicneolaíocht threascrach de chineálacha nua go bhfuil tábhacht agus práinn níos mó arís le forbairt leanúnach ar ár straitéisí teagaisc agus foghlama. Tá sé soiléir ar fud an domhain, de réir mar atá cur isteach ag an teicneolaíocht ar réimsí oibre níos forleithne, gur géire arís an riachtanas le hinníúlacht a thabhairt chun cinn maidir le máistreacht a fháil ar chineálacha teicneolaíochta dá leithéid agus ar na rudaí sin nach mbeidh meaisín riamh chomh maith chuige leis an duine, mar shampla smaointeoireacht chruthaitheach, fíorchaidrimh bháula a chothú le daoine eile, agus fiontraíocht sa chiall is uilechuimsithe leis an bhfocal. Tráth a bhfuil oiread nuálaíochta ar bun agus ag tarlú go tobann maidir le cúrsaí teicneolaíochta, ní mór leas a bhaint as na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn sa teagasc agus san fhoghlaim chomh maith, agus tabharfar faoi sin trí straitéisí chuimsitheach nua maidir leis an bhfoghlaim dhigiteach a fhorbairt lena ndéanfar soláthar do speictream cuimsitheach uirlisí digiteacha foghlama a úsáid, agus gnáthchuid a dhéanamh díobh i gcleachtas teagaisc sna hollscoile.



Chun an sprioc seo a bhaint amach, tabharfar faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- C O E 3.1 Gnáthchuid den chóras a dhéanamh de na bearta nuálaíochta a ghabhann le Tionscadal Oideachais Choláiste na Tríonóide (lena n-áirítear Cúrsaí Roghnacha, Conairí, Tionscadail Bhuaicphointe agus na gnéithe eagrúcháin a bhaineann le hamchláir sheasta). [TEP]
- O E 3.2 Treisiú leis an gcur chuige maidir le Comhpháirtithe Foghlama lenár mic léinn agus Mol Curaclaim nua a fhorbairt ionas go mbíonn ionad ar fáil don athnuachan teagaisc leanúnach. [TEP; TT&L]
- O R E 3.3 Cur le líon na mac léinn iarchéime agus straitéisí a chur i bhfeidhm a fhágfaidh go dtagann athrú ar phróifíl Choláiste na Tríonóide ionas gur mic léinn iarchéime iad níos mó ná 30% de na mic léinn uile faoin mbliain 2025. [LSDP; GRS3]
- O R E 3.4 An phróifíl nua sin a thabhairt i gcrích i rith ré feidhme an Phlean Straitéisigh seo trí athnuachan suntasach agus córasach a dhéanamh ar na gnéithe ar fad a bhaineann leis an oideachas iarchéime. [DGS]
- O R E 3.5 Sraith de mhodúil agus de chúrsaí iarchéime nua teagaisc a thabhairt chun cinn ar fud na scoileanna agus na ndámh. [DGS]
- O R E 3.6 Athnuachan ó bhonn a dhéanamh ar chlár struchtúrtha an Ph.D.[DGS]
- C O R 3.7 Acmhainneacht shuntasach a thabhairt chun cinn maidir le spás don taighde iarchéime ar champas uailmhianach Choláiste na Tríonóide @ Cé na Canálach Móire ar shuíomh Champas Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Choláiste na Tríonóide (TTEC). [T@GCQ]
- O E 3.8 Straitéis foghlama digiti bunaithe ar an speictream iomlán a thabhairt i bhfeidhm faoin mbliain 2022. [DTS]
- O R E 3.9 Modúil nua fiontraíochta speisialaithe a thairiscint do mhic léinn iarchéime trí Tangent, ár lárionad fiontraíochta do mhic léinn.[TG]
- C R E 3.10 Meantóireacht a dhéanamh, trí Tangent, ar 3,500 mac léinn maidir le smaointe nua fiontraíochta faoin mbliain 2022. [TG]
- O E 3.11 Teicneolaíochtaí tacaíochta nua a fhorbairt, chomh maith le Córas Bainistíochta Foghlama forfheabhsaithe, faoin mbliain 2023 a chuidíonn leis na foghlaimeoirí ar an gcampas dóibh agus taobh amuigh de. [DTS]
- O E 3.12 Líon na gcéimithe a ghnóthaíonn an Teastas Sainchuspóireach i gCleachtas Acadúil a mhéadú faoi 30% mar chuid de Chreat na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do bhaill foirne acadúla. [TT&L]
- O R E 3.13 Treisiú le comhaontas straitéiseach Choláiste na Tríonóide agus Institiúid Oideachais Marino. [RG]
- O R E 3.14 Caidreamh straitéiseach Choláiste na Tríonóide le Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann a fhorbairt. [RG]
- C E 3.15 Nósanna imeachta a chur i bhfeidhm maidir le haitheantas cuí do theagasc le meon saoránaíochta. [RG]
- E 3.16 Glacadh le mic léinn ar dheich gcinn ar a laghad de chlár nua do Chomhchéim Onóracha Choláiste na Tríonóide faoin mbliain 2022. [TJH]

Spríoc 4:

Seasamh ar mhaithe leis an taighde, ó thaobh caighdeáin agus tionchair de.

Tá Coláiste na Tríonóide ar cheann de na hollscoileanna is mó chun cinn san Eoraip maidir le hobair thaighde agus leagtar béim ar an taighde maidir le beartaíocht uile na hollscoile. Dúthacht i leith obair thaighde agus i leith na scoláireachta is bun leis an díograis ionainn; múnlaítear an teagasc dá réir agus is tríd a chothaítear ár gcaidreamh leis an saol mór. Ciallaíonn sé sin go dtuigtear go bhfuil an taighde ina bhun leis an misean teagasc ar gach leibhéal, rud a chinntíonn go bhfuil maoirseacht cheannródaíoch agus de réir an tsárcheleachtais ar fáil don uile mhac léinn agus go gcuirtear i bhfeidhm na luachanna a luaitear inár gCairt Taighde agus na bearta a leagtar amach sa Straitéis Bheo maidir le Taighde Barr Feabhais, ionas go ndaingnítear áit an Choláiste mar an ollscoil is mó chun cinn in Éirinn.

Is ábhar mórtáils dúinn barr feabhais agus dea-chlú obair thaighde agus scoláireacht an lucht léinn, na dtaighdeoirí iardhochtúireachta agus na mac léinn taighde i ngach ceann de dhámha na hollscoile (na hEalaíona, na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta; Innealtóireacht, Matamaitic agus Eolaíocht; agus na hEolaíochtaí Sláinte) agus tá meas ar éagsúlacht agus ilchineáilacht an tsaothair thaighde agus scoláireachta ar fud na disciplíní léinn ar fad. Baineann taighde úrnua gach duine den phobal taighde le réimse iomlán na gníomhaíochta taighde, saothar disciplíneach agus saothar idirdisciplíneach, saothar aonair agus saothar comhoibríoch, buntaighde agus saothar feidhmeach, ionas go dtugtar réimse iomlán shlabhra na nuálaíochta faoina scáth.

Tá ról faoi leith ag cúig cinn d'Institiúidí Taighde Choláiste na Tríonóide agus ag naoi gcinn déag de Théamaí Taighde comhoibríocha i gcóras taighde na hollscoile ionas go gcuirtear taighde idirdisciplíneach agus comhoibríoch chun cinn, go dtarraingítear isteach tionscadail mhórsála le maoiniú seachtrach a ndéantar cóir ina leith sa Choláiste, go ndéantar cion tairbhe maidir le réimsí móra dúshláin na linne a sháru agus go gcuirtear fiúntas agus réimse ar taighde in iúl do dhaoine den lucht léinn agus do dhaoine nach mbaineann le saol na hacadúlachta. Féachtar le hoideachas dochtúireachta d'ardchaighdeán a chur ar fáil do na mic léinn leis an gclár struchtúrtha Ph.D. ina cuirtear maoirseacht ar shárchaighdeán ar fáil dóibh chomh maith le hoiliúint i scileanna ginearálta agus i scileanna faoi leith a bhaineann go sonrach leis an réimse léinn. Cinntítear ar an gcaoi sin go mbíonn a gcuid taighde ar an gcaighdeán is airde is féidir agus go mbíonn siad inniúil ar scileanna a úsáid a fhágfaidh rath ar a gcuid oibre ar feadh a saoil.

Is gné bhuntábhachtach d'aidhm na hollscoile Baile Átha Cliath a bheith ina lárionad domhanda don taighde agus don nuálaíocht iad na pleannanna chun campas nua Choláiste na Tríonóide @ Cé na Canálach Móire a fhorbairt, agus an campas taighde agus nuála €1bn sin i gceartlár Cheantar Nuálaíochta a d'fhéadfadh Baile Átha Cliath a chur i measc an 20 cathair is mó nuálaíochta ar domhan.

Ón taighde, agus ón mbéim láidir ar ardchaighdeán agus ar thionchar, a eascraíonn dea-chlú na hollscoile. I rith ré feidhme an Phlean Straitéisigh seo, déanfar tionscnaimh mhórshuntasacha taighde a thabhairt i gcrích ar scála mór lena dtarraingítear saineolas dhaoine éagsúla ar fud na hollscoile le chéile chun dul i ngleic le réimsí móra dúshláin shochaí na linne seo.

D'fhonn an taighde agus an dream a bhíonn ina bhun a bheith i gceartlár ár gcuid straitéisí mar is dual, déanfar an éirim, an chruthaitheacht agus an uailmhian a chothú agus a chúitiú, aimseofar na hacmhainní is gá, oibreofar go dlúth le heagraíochtaí náisiúnta maoinithe cosúil le Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), an Bord Taighde Sláinte (HRB) agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC), tacófar le foireann taighde agus leanfar d'fheabhas a chur ar an timpeallacht oibre ionas gur fearr an áit Coláiste na Tríonóide chun taighde a dhéanamh ann. Seasfar le neamhspleáchas na hinstiúide agus le saoirse acadúil mar bhonn daingean faoi bharr feabhais shaothar taighde.



Chun an sprioc seo a bhaint amach, tabharfar faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- O R E** 4.1 Líon na mball foirne acadúil a mhéadú faoi thart ar 200 ionas go gcuirtear le taighde barr feabhais ar fud na hollscoile. [DR; FAHSS; FEMS; FHS]
- C O R** 4.2 Díriú go straitéiseach ar dhaoine faoi leith a earcú i bpríomhréimsí na taighde barr feabhais agus an tionchair. [LRES]
- O R E** 4.3 Feabhsú leanúnach ar na próisis maidir le lucht foirne ardchumasach a fhostú agus a choinneáil ionas gur féidir a chinntiú go leantar ag mealladh na dtaighdeoirí is fearr agus an lucht cúnta is fearr don obair thaighde agus dá gcoinneáil. [LRES]
- C O R** 4.4 Tacaíocht daonchardiúil a fháil tríd an bhfeachtas ‘Glúnta á Spreagadh’ (*Inspiring Generations*) do phríomhphoist taighde. [TDA]
- O R E** 4.5 Beart mór athnuachana a chur ar bun maidir le gach gné den chóras oideachais dochtúireachta i gColáiste na Tríonóide ionas go gcinntítear sainiúlacht an oideachais sin mar choincheap uileghabhálach trína gcuirtear oiliúint cheannródaíoch ar mhic léinn dochtúireachta i ndáil le scileanna a chuireann lena gcuid taighde. [DGS]
- O R E** 4.6 Cúnamh struchtúrtha leanúnach a chur ar fáil do Thaighdeoirí Luathghairme, mar shampla comhaltaí iardhochtúireachta agus comhaltaí taighde agus oibríú chun gur féidir leo a imeascadh níos dlúithe i saol an champais. [LRES]
- C R** 4.7 A bheith inár gceannaire domhanda maidir leis an mbealach ina gcuirimid taighde agus tionchar an taighde in iúl do lucht spéise éagsúil. [LRES; PAC]
- C R** 4.8 Imeachtaí poiblí maidir le cúrsaí taighde a eagrú ar fud an champais nó go fíorúil, lena n-áirítear níos mó ná 1,000 imeacht i Mol an tSeomra Fhada i gColáiste na Tríonóide idir na blianta 2020 agus 2025. [TLRH]
- O R E** 4.9 Ábhar taighde a bhfuil tábhacht leis maidir le cúrsaí polasaí a chur i láthair, de réir córais, do chinnteoirí trí sheimineáir agus cheardlanna a eagrú. [LRES]
- C R E** 4.10 Leas a bhaint as suíomh lárnach Choláiste na Tríonóide i bpríomhchathair thír de chuid an AE mar bhonn faoi thaighde don eolaíocht shóisialta agus do bhearta seach-chaidrimh, ionas go mbíonn tionchar ag torthaí taighde agus ag bonn fianaise ar dhíospóireachtaí tábhachtacha faoi chúrsaí polasaí maidir le forás, eitic an chomhionannais agus áit na hÉireann i saol athraitheach na linne. [DR; FAHSS]
- C O R** 4.11 Forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcomhairleoireacht acadúil agus tacú léi i ngach disciplín trí CONSULT Choláiste na Tríonóide. [CT]
- C O R** 4.12 Ceanródaíocht a ghlacadh ar Scoláireacht Oscailte agus foilseachán Rochtain Oscailte a chur chun cinn. [LRES; LS]
- O R** 4.13 Lárionad Staidéir nua do na Bailiúcháin Taighde a chruthú sa tSean-Leabharlann ionas go mbíonn teacht ar bhealaí nua ag taighdeoirí iarchéime agus ag taighdeoirí cuairte ar na bailiúcháin shainiúla agus éagsúla. [ES; LS]
- O R** 4.14 Bord Comhairleach Tionsclaíochta a chur ar bun faoin mbliain 2021. [TR&I]
- C O R E** 4.15 Treisiú le hInstitiúidí Taighde Choláiste na Tríonóide agus oibríú i gcomhar le hIonaid SFI chun comhdheiseanna a bharrfeabhsú trí AMBER, ADAPT agus CONNECT. [LRES]
- C O R E** 4.16 Seasamh le beartaíocht taighde agus an dream a bhíonn ina bun trí stocaireacht a dhéanamh de réir córais ar mhaithe le maoiniú náisiúnta breise d’obair thaighde faoi stiúir imscrúdaitheora i ngach disciplín, sparánachtaí méadaithe do thaighdeoirí Ph.D., éiceachóras cothrom taighde agus ráta níos inmharthana maidir le toradh forchostais ar obair thaighde. [LRES]

Spríoc 5:

Ár n-eagraíocht a mhúnlú agus taighde a dhíriú ar an dúshlán a bhaineann le pláinéad inbhuanaithe agus sláintiúil a bhaint amach.

Táthar tugtha, inár bpobal ollscoile dúinn, do shochaí chóir, iolraíoch, chuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn. Is dea-theist ar a mhéid is atá ag éirí linn ina leith sin a bheith ag uimhir 28 sa domhan i Rangú THE de réir Tionchair 2019. Tá cumasc dlúth d'acmhainní saineolais á dtabhairt le chéile againn agus muid lándáiríre faoin bhfreagracht i leith na sochaí a ghabhann leis sin. Is bunghné d'aitheantas na hollscoile an caidreamh leis an tsochaí, agus i gcoirlár ár misin taighde tá obair taighde a théann i ngleic le réimsí móra dúshlán na linne. Ar an dóigh chéanna, tá saintréithe an chéimí a dtagann an cur chuige maidir leis an teagasc ar an uile leibhéal faoina n-anáil ina ábhar maith ullmhúcháin ag an mac léinn maidir le saol saoránach dúthrachtach de chuid an domhain a chaitheamh. Trí dhearcthaí de na cineálacha sin a tharraingt le chéile, díritear ar bhealaí a aimsiú inar féidir le hoiread agus is féidir de phobal na hollscoile cion tairbhe a dhéanamh i ndáil le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe. Tiofaidh i gceist leis sin obair taighde atá ar bun ar fud na hollscoile a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta agus le saol folláin a thabhairt chun suntais agus a chur le chéile. Ní le bearta um ghníomhú ar son na haeráide ná dul i ngleic le bochtaineacht agus ocrais amháin a bhaineann na SDGanna, tá oideachas, comhionannas inscne, síocháin agus an ceartas, agus cathracha inbhuanaithe i gceist chomh maith. Le scoileanna, institiúidí taighde agus téamaí taighde na hollscoile, tabharfar le chéile teagasc, taighde agus scoláireacht a thagann le seacht sprioc déag na SDGanna. Cuideoidh tionscnaimh straitéiseacha, mar shampla an institiúid taighde E3 don Innealtóireacht, Timpeallacht agus Teicneolaíochtaí Atá ag Teacht Chun Cinn atá beartaithe do champas nua Choláiste na Tríonóide @ Cé na Canálach Móire, nó an fhorbairt ar chlár a chuirfear ar fáil i gCéarta Foghlama E3 Martin Naughton, le glúnta nua a ullmhú chun dul i ngleic leis an ábhar mór dúshlán a bhaineann le réimse na hinbhuanaitheachta. Ar an gcuma chéanna, fágann an ról buntábhachtach atá againn in Institiúid Dhomhanda na Sláinte Inchinne go bhfuiltear chun tosaigh maidir le taighde ar fholláine an té atá ag dul in aois. Taobh amuigh de thionscadail shonracha dá leithéid sin, beidh an chaoi a n-iompraímid muid féin mar bhaill de phobal an Choláiste ag teacht leis na SDGanna.



Chun an sprioc seo a bhaint amach, tabharfar faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:

-  5.1 Cloí le ceannaireacht thréan eitice maidir le gach gné den obair, idir obair thaighde agus forbairt foirne, agus i mbun ghníomhaíochtaí phobal uile na hollscoile. [DR; RG]
-  5.2 Mol i ndáil le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chruthú ionas go mbaintear leas as sonraí taighde chun monatóireacht a dhéanamh ar an taighde a dhéantar i ngach réimse is féidir a cheangal leis na SDGanna. [LRES; SST]
-  5.3 Faoi mhí Iúil 2021, spriocanna a leagan amach d'fhonn an lorg carbóin atá againn a laghdú go suntasach. [DR; RG]
-  5.4 Ceannródaíocht a dhéanamh maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta trí ídiú fuinnimh a fheabhsú, laghdú ar an méid dramháiola a chruthaítear lena n-áirítear ábhair phlaistice aonúsáide, réimsí éagsúla cosúil le hiompar inbhuanaithe agus bithéagsúlacht a chur chun cinn, agus cinntiú go mbíonn gach foirgneamh nua bunaithe ar phrionsabail na hinbhuanaitheachta. [SST]
-  5.5 Taighde atá tugtha don tsaoránaíocht a chothú agus a dhéanamh ionas go gcuirtear 20% le líon na dtorthaí taighde atá ceangailte leis na SDGanna faoin mbliain 2025. [LRES; SST]
-  5.6 Taighde atá tugtha don tsaoránaíocht a chur chun cinn ar fud na hollscoile agus ócáidí chothú spéise sna SDGanna a eagrú sna scoileanna agus sna hinstiúidí taighde ag a ndírítear aird an phobail i gcoitinne agus an lucht ceaptha beartais ar thionchar ár gcuid saothair. [LRES]
-  5.7 Scoláireachtaí nua Ph.D. a thabhairt isteach atá ag teacht leis na SDGanna. [LRES, PC]
-  5.8 Cláir teagaisc agus tionscadail taighde chónaidhm CHARM-EU a bhunú ar an ábhar mór dúshláin “An Cine Daonna agus an Pláinéad ag Réiteach le Chéile”. [LRES; GRS3]
-  5.9 Gradam Airgid de chuid Athena SWAN a ghnóthú faoin mbliain 2025. [AS]
-  5.10 Cairt SAGE maidir le comhionannas inscne a chomhtháthú i bpolasaithe agus i gcleachtais an Choláiste faoin mbliain 2021. [AS]
-  5.11 Cion tairbhe a dhéanamh, mar chuid d’Instiúid Dhomhanda na Sláinte Inchinne, maidir leis an sprioc 125 Comhalta Atlantach ar mhaithe le Cothroime i Sláinte na hInchinne a bheith ag obair ar fud an domhain faoin mbliain 2022 ionas go gcruthaítear pobal cruthaitheach agus díograiseach de cheannairí atá ag obair as lámha a chéile chun éagothroime i réimse shláinte na hinchinne a laghdú. [GBHI]

Spríoc 6:

Ár líonra domhanda a shaibhriú agus a leathnú.

I ndomhan inarb ionann forás agus ceangal sa lá atá inniu ann, déanfaidh Coláiste na Tríonóide forás - ní trí mhéadú ná fairsingiú ach trína bheith níos ceangailte agus níos nasctha i ndomhan lena mbaineann idirspiléachas. Déanfar sin trí fheidmiú go réamhghníomhach i bpobal domhanda de lucht taighde, scoláireachta agus oideachais, ag neartú ár líonra domhanda i ndáil le naisc taighde agus oideachais. Sheol an ollscoil an tríú Straitéis um Chaidreamh Domhanda (GRS3) sa bhliain 2019. Bhí béim sna straitéisí GRS um Chaidreamh Domhanda roimhe seo ar chur le líon na mac léinn as tíortha taobh amuigh den AE, ach tá cur chuige níos iomlánaíche i gceist leis an straitéis nua, an ceangal le tíortha eile na hEorpa, an Ríocht Aontaithe san áireamh, a chothú chomh maith leis an gcaidreamh le comhpháirtithe sa chuid eile den domhan a threisiú. I gcomhthéacs na hEorpa, déanfar forbairt bhreise ar bhaint an Choláiste le Cónaidhm Ollscoileanna Taighde na hEorpa (LERU) agus le Grúpa Coimbra d'Ollscoileanna na hEorpa. Mar bhall de CHARM-EU, an chéad chónaidhm cheannródaíochta ollscoileanna a fuair maoiniú ón AE, déanfar forbairt agus tástáil ar choincheap úrnua maidir le hollscoil Eorpach ina mbeadh céimeanna comhoibríocha, ildisciplíneacha agus bunaithe ar bhearta dúshlán ar fáil agus na mic léinn ag gluaiseacht go solúbtha ar fud na mball-institiúidí. Cuirfear le líon na gcéimeanna déacha agus na gcomhchéimeanna i gcomhar le hinstiúidí comhpháirtíochta ardréime ar fud an domhain bunaithe ar mhúnla na comhpháirtíochta le hOllscoil Columbia a bhfuil an-rath air. Sa bhaile, cuirfear leis an ngluaisteacht ar gach leibhéal don fhoireann agus do mhic léinn agus cóireofar an ghné idirnáisiúnta níos dlúithe sa churaclam agus i saol an champais ionas go gcinntítear ullmhú níos fearr ar gach mac léinn don saol agus don ré gairme ina saoránaigh de chuid an domhain dóibh. Lenár gcampas nuálaíochta nua Coláiste na Tríonóide @ Cé na Canálach Móire, ceanglófar caidreamh gníomhach idir thaighdeoirí agus chomhlachtaí in Éirinn agus thar lear, agus tá spriocanna uailmhianacha leagtha amach againn maidir le hardú ar líon na gcomhlachtaí idirnáisiúnta a n-oibrítear i gcomhar leo. Chun sin ar fad a bhaint amach, leanfar den chomhoibriú lenár líonra alumni chun ár gcomhpháirtíochtaí ar fud an domhain a threisiú.



Chun an sprioc seo a bhaint amach, tabharfar faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:



6.1 An caidreamh fadsaol idir an Coláiste agus an pobal alumni a chothú trí chlár nuálaíochta agus tríd an rannpháirteachas. [TDA]



6.2 Dul i dteagmháil lenár líonra alumni agus lucht tacaíochta chun €400m de mhaoiniú daonchairdis a bhailiú agus 150,000 uair an chloig dheonach a chur i gcrích mar chuid den Fheachtas 'Glúnta á Spreagadh' (*Inspiring Generations*). [PC; TDA]



6.3 Faoin mbliain 2025, a chinntiú go bhfuil idir 40 agus 45% den ghrúpa fochéimthe a mbeidh céim á bronnadh orthu tar éis eispéireas idirnáisiúnta a bheith acu mar chuid dá gclár. [GRS3]



6.4 Tionscnaimh teagaisc agus foghlama a fhorbairt ionas gur dlúthchuid den churaclam don uile mhac léinn agus ar fud na réimsí léinn ar fad an dearcadh idirnáisiúnta. [TT&L]



6.5 Tús a chur le ar a laghad aon chlár déach amháin, aon chomhchlár amháin agus trí chlár comhaltúcháin nua i ngach Dámh faoin mbliain 2025. [GRS3]



6.6 Múnla d'Ollscoil Eorpach na todhchaí a chur i gcrích trí CHARM-EU. [LRES; GRS3]



6.7 Treisiú lenár rannpháirtíocht in LERU agus an Grúpa Coimbra. [LRES; GRS3]



6.8 Éagsúlacht bhreise a thabhairt i gcrích maidir le pobal na mac léinn idirnáisiúnta le 750 mac léinn breise as tíortha taobh amuigh den AE, ionas gur airde a líon faoin mbliain 2025 ná 3,750. [GRS3; E3; LS; BSDP; SOM]



6.9 Ardú idir 35 agus 38% ar líon na mac léinn iarchéime as tíortha taobh amuigh den AE ar chúrsaí teagaisc. [GRS3]



6.10 Ardú go dtí 120 faoin mbliain 2025 ar líon na mac léinn ar ár mBonnchlár Idirnáisiúnta i gcomhar lenár n-institiúid chomhpháirtíochta, Institiúid Oideachais Marino. [GRS3]



6.11 Ról lárnach a ghlacadh, mar chuid de Cheantar Nuálaíochta nua Baile Átha Cliath, maidir leis an gcathair a chur i measc an 20 cathair is mó nuálaíochta ar fud an domhain faoin mbliain 2030. [T@GCQ]



6.12 Ar a laghad aon chuideachta tionsclaíochta nua amháin as aon tír nua amháin a chur leis na comhpháirtithe comhoibríocha gach bliain. [IS2]



6.13 Láithreach nua ar an ngréasán a bhunú, bunaithe ar Chóras Bainistíochta Inneachair. [DTS]

Spríoc 7:

Ár spás a fhorbairt agus a úsáid go freagrach.

Tá ceann de na campais ollscoile is áille ar domhan ag Coláiste na Tríonóide. Tá an ollscoil suite i gceartlár chathair bhríomhar athraitheach Bhaile Átha Cliath ar champas stairiúil a bhfuil cónaí air. Tá an spás sonrach seo le háireamh ar cheann de thréithe sainiúla Choláiste na Tríonóide, láthair lena gcruthaítear taithí faoi leith don mhac léinn agus a tharraingíonn níos mó ná milliún cuairteoir gach bliain. Tá freagracht ag gabháil leis sin go dtabharfaí aire don suíomh, go mbainfí an leas is fearr as ar bhealach inbhuanaithe, go gcothófaí caidreamh leis na comharsana agus go mbainfí go dílis le dlúth agus inneach shaol na cathrach. Fágann suíomh campais i lár cathrach gur gá tuiscint níos fearr ar an spás agus athmhúnlú a dhéanamh air ionas go mbaintear úsáid níos éifeachtúla as. Inár gcoimeádaithe dúinn d'fhoirgnimh stairiúla den suntas, cuirfear tús leis an obair chaomhnúcháin ar an tSean-Leabharlann, chomh maith le hobair athchóiriúcháin ar an bhfoirgneamh is sine ar an gcampas, na Rúibricí, atá ann ó bhlianta na 1690idí. Táthar, an tráth céanna, i mbun foirgníochta don am atá le teacht. Ar an mbeart tosaigh i rith ré na gcúig bliana amach romhainn, osclófar áras cóiríochta nua do mhic léinn i gCearnóg na Clólainne. Le tacaíocht ónár ndeontóirí, beidh spás nuálaíochta teagaisc nua, Ceárta Foghlama E3 Martin Naughton, á thógáil, obair á tosú ar Scoil Dlí nua agus ar Institiúid Ailse San Séamas Choláiste na Tríonóide ar láthair ár gcomhpháirtithe, Ospidéal San Séamas. Sna cúig bliana seo amach romhainn freisin a thosófar ar an obair maidir leis an dara campas, Coláiste na Tríonóide @ Cé na Canálach Móire, tionscadal forbartha a d'fhéadfadh claoclú a chur ar shaol na hÉireann.



Chun an sprioc seo a bhaint amach, tabharfar faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:

C O R

7.1 An máistirphlean maidir le Coláiste na Tríonóide @ Cé na Canálach Móire, cuid de thionscnamh Cheantar Nuálaíochta na Canálach Móire lena gcuirfear infreastruchtúr ar fáil d'obair thaighde nua maidir leis an gceangal idir Innealtóireacht, an Timpeallacht agus Teicneolaíochtaí Atá ag Teacht Chun Cinn, a sheoladh faoin mbliain 2022. [E3; T@GCQ]

O R E

7.2 An obair ar spás teagaisc de ghlúin nua, Ceárta Foghlama E3 Martin Naughton, arna cumasú ag an daonchaírdeas, a thabhairt chun críche sa bhliain 2023 chun áit a chur ar fáil do thionscadal E3, ag tabhairt Scoileanna na hEolaíochta Ríomhaireachta agus na Staitisticí, na hInnealtóireachta agus na nEolaíochtaí Nádúrtha le chéile. Bainfidh an foirgneamh seo caighdeáin *Well Building* agus barr feabhais BREEAM amach. [E3; ES]

O E

7.3 Pleananna do Scoil Dlí nua a fhorbairt ina mbeidh áiseanna nua forfheabhsaithe foghlama agus taighde. [LSDP]

O R E

7.4 Na pleananna ailtreachta a chríochnú agus tús a chur leis an obair chaomhnúcháin agus athfhorbartha ar an tSean-Leabharlann, lena n-áirítear Lárionad Staidéir nua do na Bailiúcháin Taighde agus an Lárionad Taispeántais nua do Chuaríteoirí. [ES; LS]

O R E

7.5 Pleananna a fhorbairt do Lárionad Acmhainní nua, comhoibríoch na mBailiúcháin ar láthair eile ionas go gcuirtear leis an timpeallacht ina gcoimeádtar ár mbailiúcháin agus gur féidir athshamhlú/athleagan amach a dhéanamh ar ár spásanna leabharlainne comhaimseartha. [ES; LS]

O

7.6 Athchóiriú a dhéanamh faoi thréimhse luath sa bhliain 2023 ar an bhfoirgneamh is sine ar an gcampas, na Rúibricí, agus ar Theach an Phríomh-Mhaoir, ionas go mbíonn cóiríocht nua ar fáil do mhic léinn agus do bhaill foirne chomh maith le spás taighde ag Comhaltáí Emeriti. [ES]

O R

7.7 Tús a chur leis an bhforbairt ar Institiúid Ailse San Séamas Choláiste na Tríonóide. [TSJCI]

O

7.8 Athfhorbairt a dhéanamh ar na háiseanna agus ar an infreastruchtúr spóirt i bhFearann Uíbh Eachach. [ES; TCDSU]

O E

7.9 Tabhairt go dúthrachtach faoi chlár leanúnach feabhsúcháin agus caighdeánaithe i ndáil le spásanna foghlama agus teagaisc, arna eascú ag sonraí feabhsaithe ar úsáid agus ar bhail na spásanna ionas gur fearr an bhainistíocht a dhéantar orthu ar mhaithe le taithí níos fearr ag an mac léinn. [TEP; CSD]

C O

7.10 Iompar inbhuanaithe agus láithreacha bithéagsúlachta saibhre a chothú ar an gcampas. [SST]

C O

7.11 A chinntiú go gcuirtear cóiríocht ar fáil ar bhealach cuimsitheach don fhoireann agus do na mic léinn i bhfoirgnimh an Choláiste. [D&I; ES]





Spríoc 8:

Aon phobal amháin a bheidh i bpobal Choláiste na Tríonóide.

Tá meon agus uailmhianta i gcomhar ag pobal ollscoile Choláiste na Tríonóide, tuiscint láidir don mhuintearas agus éiteas na coláisteachta. Feidhmítear mar chraobhchóras casta caidrimh, ní amháin idir an fhoireann acadúil, ghairmiúil agus na mic léinn, ach go seachtrach freisin i measc chraobhchóras domhanda 140,000 céimí, ár gcomhpháirtithe i dtionsclaíocht agus in ollscoileanna eile in Éirinn agus ar fud an domhain, agus ár ndeontóirí flaithiúla. Tá de bhrí le pobal sa chiall seo go dtuigtear le campas, ní amháin an príomhcampas i lár na cathrach, ach comhghleacaithe atá ag obair in Ospidéal San Séamas agus in Ospidéal Ollscoile Thamhlachta, chomh maith le hoifigí agus cláir cheangailte in áiteanna chomh fada ó chéile le Béal Feirste, Ollscoil Columbia agus an Institiúid Teicneolaíochta i Singeapór. Mar a chéile le caidreamh casta ar bith den chineál seo, is ábhar dúshláin ar bhonn laethúil é gach duine a choinneáil ar an eolas agus páirteach i gcúrsaí. Níos bunúsaí ná sin, is gá athnuachan a dhéanamh go seasta síoraí ar an tuiscint go ndéanann gach duine den phobal le chéile cion tairbhe maidir le hobair na hollscoile a chur i gcrích. Is féidir athnuachan dá shórt a chothú trí theacht ar bhealaí nua chun ár gcuid modhanna oibre a dhéanamh níos córa don uile dhuine. Tagann san áireamh leis sin tiomantas ó bhonn maidir leis an gcothromaíocht agus an uileghabhálacht a chur chun cinn i ngach cuid den obair a dhéantar. Beidh follasacht níos mó, luathbheartaíocht níos solúbtha agus éifeachtacht níos fearr ag baint lenár gcuid oibre agus simpleofar na próisis maidir le cinntí a dhéanamh. B'fhéidir gurb é is tábhachtaí, áfach, go ndeimhnítear go gcuirtear daoine – mic léinn, an fhoireann acadúil, an fhoireann ghairmiúil, alumni, cairde – chun tosaigh maidir leis an mbeartaíocht ar fad a dhéantar i bpobal atá bunaithe ar mheas an uile dhuine ar a chéile agus ar chuspóir coiteann a bheith againn.



Chun an sprioc sin a bhaint amach, tabharfar faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:

-  8.1 Modhanna cumarsáide a chothú trínar féidir le gach duine de phobal na hollscoile caidreamh a chruthú agus cion tairbhe a dhéanamh, mar aitheantas ar an ngá atá ag agus gur mian le gach duine den fhoireann páirt a ghlacadh i bpobal na hollscoile. [PAC; HR]
-  8.2 Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú (EDI) a bheith ina saintréithe dár meon agus dár gcleachtas i ngach gné de shaol na hollscoile trí straitéis agus plean gníomhaíochta láidir EDI a bhunú. [D&I]
-  8.3 A chinntiú gur mná a bheidh in ar a laghad 40% de na hOllúna Cathaoireach i gColáiste na Tríonóide faoin mbliain 2025. [AS]
-  8.4 Inlín inmheánach nua a chruthú sa Choláiste agus leanúint den fhorbairt ar an gcumarsáid inmheánach. [PAC]
-  8.5 Aitheantas a thabhairt do ghaiscí na foirne, agus iad a chúiteamh, trí phróisis atá cothrom agus follasach. [HR]
-  8.6 Infheistiú a dhéanamh i bhforbairt na foirne ar gach leibhéal san ollscoil le cláir de leithéid Creatáí Gairme agus Forbairt Ceannaireachta. [HR]
-  8.7 Sláinte cholainne, mheabhrach agus shóisialta an uile dhuine de phobal an Choláiste a chothú tríd an tionscnamh Coláiste Sláintiúil na Tríonóide a chur i bhfeidhm. [HT]
-  8.8 An ceangal lenár bpobal alumni a neartú, trí líonra alumni na hollscoile a chothú ar fud an domhain agus ár gcéimithe a spreagadh ionas go mbaintear amach 150,000 uair a chloig d'obair dheonach faoin mbliain 2025 mar chuid den fheachtas 'Glúnta á Spreagadh' (*Inspiring Generations*). [TDA; GRS3; PC]
-  8.9 A chinntiú go mbíonn follasacht, solúbthacht agus éifeachtacht ag rith le cinnteoireacht na hollscoile. [PO; SO]
-  8.10 Bealaí a scrúdú inar féidir an Ceann Scoile a bheith ceangailte níos dlúithe le próisis chinnteoireachta na hollscoile. [VPO; SO]
-  8.11 Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige maidir le lucht taighde iardhochtúireachta i bpobal an champais agus oibriú ar mhaithe lena gceangal níos dlúithe le saol an champais. [LRES]
-  8.12 Deiseanna a chruthú do bhaill foirne den uile chatagóir clárú ar mhodúil atá ar fáil ar fud na hollscoile ar mhaithe le forbairt ghairmiúil leanúnach agus micrichreidiúnú. [HR; DTS; VPO]
-  8.13 Leanúint de na huirlisí sonraí agus faisnéise a neartú ionas gur féidir comhoibriú agus cinnteoireacht straitéiseach a éascú, go háirithe i ndáil le sonraí faoi éagsúlacht agus cuimsiú. [DTS]
-  8.14 Grúpa Oibre maidir le Saoire Theaghlaigh agus Modhanna Solúbtha Oibre a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh ar líon na ndaoine a ghlacann saoire mháithreachais, atharthachta agus thuismitheoireachta. [AS]
-  8.15 An Polasaí maidir le Cruinnithe i rith Príomhuaireanta a chur i bhfeidhm go hiomlán. [AS]
-  8.16 Feabhas breise a chur ar stádas na Gaeilge i saol an Choláiste trí sheirbhísí, oiliúint agus imeachtaí i gcomhréir le meon de chuid *Acht na dTeangacha Oifigiúla* (2003). [SO]
-  8.17 Córas nua CRM (Bainistiúcht Caidreamh Custaiméirí) a chur i bhfeidhm faoin mbliain 2022, ionas gur féidir oibriú níos éifeachtaí leis na daoine taobh amuigh de phobal an Choláiste. [DTS]
-  8.18 Cultúr daonchairdis a leabú agus a chur chun cinn i gColáiste na Tríonóide agus an bhunchloch a leagan le haghaidh feachtas daonchairdis amach anseo. [TDA]

Spríoc 9:

An bonn airgeadais atá ag teastáil dár bhforbairt amach anseo a aimsiú.

Tá feabhas mór tagtha ar staid airgeadais na hollscoile le cúig bliana anuas agus straitéise chun ioncam a ghnóthú ó fhoinsi seachas an státchiste ar an gcúis is mó leis seo. Ina ainneoin sin, tá ábhar mór dúshláin le sárú i gcónaí chun an t-ioncam atá de dhíth ó ollscoil taighde atá in iomaíocht go domhanda a bhaint amach. Beidh gá le maoiniú suntasach sa bhreis ón Rialtas chun dul i ngleic leis an easnamh i maoiniú poiblí in aghaidh an mhic léinn a bhfuil íslíú ollmhór tagtha air le blianta beaga anuas agus chun soláthar don fhorás atáthar ag tuar maidir le rátaí déimeagrafaíochta agus rannpháirtíochta. Tá íslíú tagtha maidir le maoiniú ón Státchiste ó 70% d'ioncam iomlán na hollscoile sa bhliain 2008 go dtí 40% sa bhliain 2018 agus beidh éiginnteacht ag baint le cúrsaí airgeadais don ollscoil go fóill go dtí go dtugann an Rialtas gealltanas maidir le maoiniú fadtéarmach nó go gcuirtear deireadh leis an uasteorannú ar tháillí mic léinn fochéime. Ina theannta sin, ní mór timpeallacht mhaoinithe taighde agus forbartha a bheith ag ollscoil taighde a bhíonn in iomaíocht go domhanda ar bhonn náisiúnta ionas go bhfuil an fhoireann acadúil ábalta a bheith san iomaíocht le haghaidh conarthaí taighde: tá an maoiniú poiblí a dhéantar ar thaighde anseo in Éirinn thar a bheith íseal de réir caighdeáin idirnáisiúnta agus tá titim 21% tagtha air ón mbliain 2008.

In ainneoin na ndúshlán seo, táthar tugtha i gcónaí do mhisean na hollscoile maidir le taighde a bhfuil tionchar idirnáisiúnta aige a dhéanamh agus teagasc ardchaighdeán agus seirbhísí den scoth a bheith mar bhonn faoi thaithí an mhic léinn. Leanfar den infheistíocht straitéiseach in infreastructúr agus in áiseanna, rud a chuirfidh taca faoinár bhforás agus a bhrúfaidh muid chun cinn i ndáil le bheith rathúil sa todhchaí. Tá infheistíocht níos mó ná €180m déanta le trí bliana anuas agus tá tionscadail chaipitil dar luach níos mó ná €300m ar na bacáin againn faoi láthair. Leis na bearta infheistíochta seo, arna maoiniú den chuid is mó le cabhair daonchairdis agus le maoiniú fadtéarmach ónár gcomhpháirtithe sa Bhanc Eorpach Infheistíochta, tabharfar torthaí airgeadais i gcrích i gcomhréir le cásanna gnó a ndéantar pleanáil agus bainistíocht chúramach ina leith. Táthar tugtha freisin do bhearta straitéiseacha infheistíochta níos fadtéarmaí a thabhairt i gcrích, mar shampla campas nua Choláiste na Tríonóide @ Cé na Canálach Móire ar shuíomh TTEC agus an obair athchóiriúcháin ar an tSean Leabharlann. Leanfar ag díriú ar an straitéis lárnach maidir le hioncam nach ón státchiste é a mhéadú thar cheithre ghníomh – ioncam ó thaighde, caidreamh domhanda, ioncam tráchtála agus ioncam daonchairdis. Leanfar chomh maith de bhéim ghéar a leagan ar éifeachtúlacht a fheabhsú inár bhfeidhmeanna oibríochtaí agus tacaíochta agus ar chostais oibríochtaí a íslíú trí infheistíocht a dhéanamh i gcórais agus i bpróisis TF den chineál is fearr atá ar fáil.

Táthar tugtha, mar ghné lárnach den Phlean Straitéiseach seo, do chéim ar aghaidh maidir le feabhas a chur ar chaighdeán thaithí an mhic léinn san ollscoil. Táthar tugtha do thús áite a bheith ag na hacmhainní airgid is gá chun laghdú suntasach a thabhairt i gcrích ar an gcóimheas idir foireann agus mac léinn agus déanfar bainistíocht stuama ar an méadú ar líon na mac léinn sna catagóirí éagsúla d'fhochéimithe, de mhic léinn iarchéime ar chúrsaí teagaisc agus de mhic léinn iarchéime i mbun taighde ionas go gcinntítear go mbíonn caighdeán thaithí an mhic léinn ar an aidhm is tábhachtaí i gcónaí.

Mar bhonn treise faoin bPlean Straitéiseach, tá múnla cuimsitheach airgeadais cúig bliana leagtha amach againn lena mbaineann costáil iomlán ar na tionscnaimh straitéiseacha agus léargas comhtháite ar ioncam, costais, infheistíochtaí, maoiniú agus sreabhadh airgid go ceann 5 bliana anonn go dtí 2025. Is uirlis thábhachtach an múnla airgeadais seo chun cásanna samhalta a leagan amach i ndáil le forás agus infheistíocht agus le meastóireacht a dhéanamh ar réimsí baoil agus leochaileachta sa phlean, mar a mbeidh gá ár bplean airgeadais cúig bliana a chur in oiriúint do thosca eacnamaíochta agus eile i rith a ré feidhme.



Chun spriocanna an Phlean Straitéisigh a bhaint amach, tabharfar faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:



9.1 Maoiniú a eagrú, lena n-áirítear daonchardeas, d'infheistíocht €300m sna cúig bliana seo romhainn i dtograí nua infreastruchtúir faoi mar a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach, lena n-áirítear Ceárta Foghlama E3 Martin Naughton agus áiseanna cóiríochta do mhic léinn i gCearnóg na Clólainne, agus leanúint le forbairt a dhéanamh ar Scoil Dlí nua. Táthar tiomanta chomh maith d'infheistíocht a dhéanamh i dtograí straitéiseacha níos fadtéarmaí, mar shampla, campas nua Choláiste na Tríonóide Thoir (ar a tugadh Coláiste na Tríonóide @ Cé na Canálach Móire roimhe seo) agus an obair athchóiriúcháin ar an tSean-Leabharlann, agus tá roghanna maoinithe maidir leis na tograí sin á meas faoi láthair. [ES; E3; FSD; LSDP; T@GCQ; TDA]



9.2 Inbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach trí fhás farasbairr glan bliantúil (sula gcuirtear gnóthachain agus cailteanais neamhréadaithe san áireamh) go 1% d'ioncam a thabhairt i gcrích agus fás EBITDA (Tuilleamh Roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh) sonraithe ó 3% go 8% d'ioncam faoin mbliain 2025 á leagan amach chun na costais bhliantúla a ghabhann lenár gclár infheistíochta caipitil a chlúdach. [FSD]



9.3 Cur le líon na mac léinn (an bonn óna n-eascaíonn ardú ioncaim), i gcomhréir leis an Straitéis um Chaidreamh Domhanda 3, ina luaitear sprioc shonraithe maidir le hardú ar líon na mac léinn iarchéime ó sciar 28% go dtí sciar 32% de líon iomlán na mac léinn le himeacht cúig bliana agus ardú ar líon na mac léinn as tíortha taobh amuigh den AE ó sciar 15% go dtí sciar 18% faoin mbliain 2025. [GRS3]



9.4 Cur leis an luach atá le daonchardeas don ollscoil mar mhodh lenár sruth ioncaim a éagsúlú. [TDA]



9.5 Leanúint den phleanáil ar mhaithe le spleáchas na hollscoile ar ioncam ón státchiste a laghdú agus a bheith ag súil go dtiocfaidh ardú ar ioncam neamhstáit ó 60% sa bhliain 2019 go dtí 63% sa bhliain 2025. [FSD]



9.6 An cóimheas idir foireann agus mac léinn a íslíú ó 18:1 sa bhliain 2019 go dtí 16:1 faoin mbliain 2025, agus a chinntiú go dtugtar tús áite d'acmhainní airgeadais chun an sprioc sin a bhaint amach. [VPO; FSD; DR]



9.7 A chinntiú, de bharr thionchar Covid-19, go n-athbhunaítear agus go gcoinnítear glansócmhainní na hollscoile ag íosleibhéal €800m i rith ré feidhme an phlean. [FSD]



9.8 Leanúint den chinntiú i rith ré feidhme an phlean go mbíonn na córais airgeadais chomh maith agus a d'fhéadfadh agus go gcomhlíontar na socruithe baincéireachta, go gcaomhnaítear an farasbarr maidir le mionleibhéal airgid ar láimh, cóimheas gearála agus acmhainn seirbhíse ar fhiachas. [FSD]



9.9 Leanúint den tsolúbthacht agus den oiriúnú maidir le cúinsí eacnamaíochta i ndáil leis an mbainistíocht ar chúrsaí airgeadais na hollscoile, agus deiseanna a thapú de réir mar a thagann chun cinn chun cur le misean acadúil na hollscoile. [FSD; VPO; CSD; DR]

Thar 2025 amach





Thar 2025 amach

Ar dheireadh a theacht le ré an Phlean Straitéisigh seo sa bhliain 2025, beidh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 433 bliain ar an bhfód agus 1% de ré na hollscoile féin a bheidh curtha isteach faoin bplean cúig bliana seo. Is fiúntach an rud dearcadh fadtéarmach chomh leathanréimseach leis sin ar an bhforas léinn agus an suntas atá le planáil ar feadh tréimhse cúig bliana á mheas i gcomhthéacs.

D'fhéadfadh gurb í an cheist a chuirfí, cén t-athrú a bheidh tagtha ar Choláiste na Tríonóide faoin mbliain 2025. B'fhéidir gur beag athrú a bheadh le tabhairt faoi deara i gcásanna áirithe. Tarlóidh maidin fómhair go mbeidh an Chearnóg Thosaigh lán le mic léinn; beidh siad páirteach i gcumainn agus i gclubanna spóirt, déanfar léitheoireacht, caint, foghlaim agus fiosrú. Tarlóidh maidin earraigh ina dhiaidh sin go mbeidh an Chearnóg Thosaigh plódaithe arís agus ainmneacha na Scoláirí agus na gComhaltaí nua á léamh ar chéimeanna an Téatair Phoiblí. Sa mhéid sin, beidh saol lucht na hollscoile sa bhliain 2025 a bheag nó a mhór ar aon dul lenar thit amach leis na scórtha blianta - leis na cianta go deimhin.

Ach ar an gcás a scrúdú níos géire, tabharfar na difríochtaí faoi deara. Tiocfaidh níos mó de mhic léinn na bliana 2025 as tíortha eachtracha ar fud an domhain, tiocfaidh níos mó ó scoileanna nach dtéadh oiread sin dá gcuid daltaí ar aghaidh go dtí an ollscoil astu san am a caitheadh agus beidh siad nasctha go digiteach ar bhealach níos tréine dlúithe ná mar a bhí riamh. Beidh ár mic léinn ag freastal ar champas a bhfuil lorg carbóin níos ísle aige, áit ina leagtar níos mó airde ar shaol níos inbhuanaithe a chaitheamh, ónár bhfoirgnimh nua go dtí níos mó béilí veigeatóracha a bheith ar fáil agus neart nithe eile idir eatarthu.

Is mó de na mic léinn freisin a bheidh ina mic léinn iarchéime de réir mar a dhaingníonn Coláiste na Tríonóide a shuíomh chun tosaigh ar ollscoileanna eile na hÉireann maidir le cúrsaí taighde. Beidh comharthaí eile ar an ról cinniúnach atá leis an ollscoil i mbun ceannródaíochta maidir le cúrsaí teagaisc agus taighde san aonú haois is fiche le tabhairt chun suntais. Cúpla nóiméad soir ón gCearnóg Thosaigh, beidh an dara campas taighde agus nuálaíochta á thógáil ar Ché na Canálach Móire mar chuid de phlean a leanann go dtí an bhliain 2030 ar a laghad. Beidh an campas nuafhorbartha sin i gcroílár Cheantar Nuálaíochta nua, ar cuid é de thionscnamh infreastruchtúir a leanfaidh go dtí an bhliain 2040. Sa Cheantar Nuálaíochta nua seo, beidh cuideachtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta, seanbhunaithe agus nuathionscanta, bainteach le heacnamaíocht foráis na faisnéise agus ceangal acu leis an gcuid eile d'Éirinn, agus le domhan ina mbeidh níos lú tábhacht le cúrsaí tíreolaíochta, mar a thagann athrú nach féidir a thuar go hiomlán cúig bliana roimh ré ar cheangal an duine le spás de bharr chúrsaí teicneolaíochta.



Siar ón bpríomhchampas, beidh Institiúid Ailse nua á thógáil ar champas Ospidéal San Séamas. Agus, i gceartlár an phríomhchampais stairiúil, beidh athchóiriú á dhéanamh ar an tSean-Leabharlann agus Lárionad Staidéir nua do na Bailiúcháin Taighde á chruthú. Bheadh mórshuntas le forbairt ar aon cheann amháin de na tograí sin i stair fhadtéarmach na hollscoile, mar is ea Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide a osclaíodh i rith na bliana 2019 tamall gairid sular seoladh an plean reatha, nó Cearnóg na Clólainne a osclófar sa bhliain 2020, nó Ceárta Foghlama E3 Martin Naughton a thabharfar chun críche sa bhliain 2022. I gcomhthéacs stair na hollscoile mar sin, beidh mórshuntas ó thaobh cúrsaí staire faoin mbliain 2025 le ré an phlean seo agus athrú ar chuma na hollscoile. Is mar thoradh ar an daonchairdeas a mbeifear ábalta cuid mhór de na forbairtí sin a dhéanamh. Leagáid eile a bheidh mar thoradh ar ár bhFeachtas ‘Glúnta á Spreagadh’ (*Inspiring Generations*) líonra dinimiciúil d’alumni agus cairde tiomanta ar fud an domhain.


Ní chinneadh, dá ainneoin sin, ar an gcinniúint. Nuair nach bhfuil smacht iomlán ar na ‘ceithre ghníomh’ le gnóthú ioncaim a bhfuil cur síos déanta orthu i Sprioc 9, agus dá dtarlódh go bhfanadh maoiniú poiblí don taighde ar an leibhéal íseal atá i réim faoi láthair, agus dá dtarlódh nach mbeadh an buiséad d’Fhís Eorpach mar atá á thuair, d’fhéadfadh gur diostóipe a bheadh i ndán. Is beag an sásamh a bhainfeadh as seantraidisiúin má thitimid i rangú na n-ollscoileanna de bharr easpa maoinithe don obair thaighde, agus mura féidir linn éileamh breise na mac léinn a shásamh mar gheall ar íslíú ar bhuiséid náisiúnta oideachais, nó má tharlaíonn gur ag feidhmiú muid i mór-roinn scoilte san Eoraip agus torthaí an athraithe aeráide ag teacht i bhfeidhm. Is ionann sin agus a rá nach mór a bheith ag seoladh le cóir chun a bhfuil sa phlean seo a chur i bhfeidhm, ach ar a laghad ar bith, táthar ullamh chun gach deis a thapú.

Is féidir a mhaíomh gurb iad na hathruithe dofheicthe is mó a rachaidh i gcion. Leanfaidh siad sin ar aghaidh thar an mbliain 2025 amach. Mura luafaí ach aon sampla amháin: ní raibh leathnú i ndán don Leabharlann san am a caitheadh mura gcuirfí leabhair bhreise inti. Tagann forás ar leabharlann san aonú haois is fiche ní hamháin trí cheangal le foinsí digiteacha den uile chineál, ach trí bhailiúcháin dhigiteacha dá cuid féin a thiomsú, rud a chothaíonn ceangal seachtrach arís eile. Is féidir sin a cheapadh le hiomhá d’eolas úr den uile chineál, a dtarlódh forás agus forbairt air, ní amháin trí bhreis ábhair a chur leis ach trí cheangal a chothú le ceannródaithe smaointeoireachta agus nuálaíochta ar fud an domhain, agus pobal foghlama de chineál nua á chruthú. I saol den chineál sin, is tábhachtaí arís d’Éirinn ollscoil taighde atá idircheangailte ar fud an domhain.





Cur i bhfeidhm





Níor cheart tráth ar bith an bheartaíocht a bhaineann le pleanáil straitéiseach a fhágáil gan aird go ceann tréimhse cúig bliana; ba cheart gur próiseas atrialach a bheadh ann agus tá an modh oibre as a dtagann dúthracht chomhroinnte i measc an phobail chomh tábhachtach le hábhar an phlean féin. Is treoclár atá i bplean cúig bliana; ina ainneoin sin, ach oiread le mapa ar bith, ní bhítear lánchinnte dá bhfuil i ndán agus bíonn solúbthacht agus tuiscint dul ar mhalaírt slí nuair is stuama sin a dhéanamh tábhachtach freisin maidir leis an sprioc a bhaint amach.

Tá cáipéisí pleanála eile maidir le tionscadail éagsúla ina mbonn treise faoi *Phlean Straitéiseach 2020-2025 Pobal agus Ceangal* Choláiste na Tríonóide, cás gnó dá chuid féin le gach ceann acu agus iad comhaontaithe ag comhlachtaí cuí an Choláiste cheana féin nó an próiseas maidir lena n-aontú ar bun faoi láthair. Leagtar amach sna cáipéisí sin na córais rialachais agus bhainistíochta faoi leith a ghabhann le gach tionscadal faoi seach, chomh maith le réamh-mheastacháin maidir le cúrsaí airgeadais, líon na mac léinn, líon na mball foirne, agus nithe abartha eile i rith ré na straitéise. Tá mar shampla, sa Straitéis um Chaidreamh Domhanda, GRS3, straitéis, anailís, réamh-mheastacháin maidir le mic léinn a earcú, mionchuntas ar chúrsaí airgeadais agus plean maidir le soláthar foirne. Beidh athbhreithniú á dhéanamh go rialta orthu sin ag na comhlachtaí ollscoile lena mbaireann agus, i ngach cás faoi leith, tá deis beart coigeartúcháin a dhéanamh má tharlaíonn nach ionann ar bhealach amháin nó ar bhealach eile na torthaí iarbhair agus a raibh á thuar. Is amhlaidh an cás maidir le gach plean faoi leith atá ceangailte le *Phlean Straitéiseach 2020-2025 Pobal agus Ceangal*.


D'fhonn na gnéithe idircheangailte de na pleananna sin agus de na pleananna nua a thabharfar chun cinn mar gheall ar aidhmeanna áirithe sa phlean seo a léiriú, tá uirlis don phleanáil airgeadais ag gabháil leis an bPlean Straitéiseach seo. Is féidir, leis an uirlis sin, na sonraí airgeadais ar fad ó na pleananna reatha a thiomsú le chéile. Beidh leasú rialta á dhéanamh uirthi agus tionchar an Phlean Straitéisigh ar chúrsaí airgeadais le sonrú go tráthrialta ionas gur féidir coigeartú a dhéanamh ar an gcaiteachas, ar réamh-mheastacháin agus ar tráthchláir de réir mar is gá, agus próiseas leanúnach a dhéanamh den phleanáil. Tá teimpléad nua maidir le pleanáil straitéiseach cúig bliana ag gabháil léi freisin atá á fhorbairt i gcomhar leis na Scoileanna agus a fhágfaidh gur féidir pleanáil atrialach ón mbonn aníos a dhéanamh i rith ré feidhme an phlean, le ríomh ar shlata tomhais príomhthábhachta, mar shampla líon na mac léinn, pleanáil maidir le líon na foirne agus forbairt cláir.

Cuirfidh na foinsí sin go léir le monatóireacht rialta ar an bplean. I rith na mblianta a caitheadh, chuirtear tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh faoi bhráid na gcomhlachtaí cuí bainistíochta agus rialachais san ollscoil faoi dhó sa bhliain; agus ón mbliain 2018 i leith, tá Plean Straitéiseach na hollscoile ina bhonn leis an gComhshocrú Idirphlé maidir le Straitéis agus Feidhmiú idir an Coláiste agus an tÚdarás Ardoideachais (HEA). Beidh clár rioscaí maidir leis an bplean ina iomláine á chur leis an méid sin. Leanfar leis na tuarascálacha sin ón mbliain 2020 ar aghaidh; beidh an próiseas monatóireachta féin ar bun go leanúnach as seo amach áfach, agus cuirfear an tuairisc is deireanaí ar fáil go tráthrialta do phobal uile na hollscoile trí láithreán gréasáin an Phlean Straitéisigh.





Aguisín



Straitéisí náisiúnta

01	<i>The Future of Education and Skills: Education 2030: The Future We Want</i> , Tuarascáil ón OECD, 2018 http://www.oecd.org/education/2030/E2030%20Position%20Paper%20%2805.04.2018%29.pdf
02	<i>An Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030</i> , Tuarascáil ón nGrúpa Straitéise, Eanáir 2011. https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/National-Strategy-for-Higher-Education-2030.pdf
03	<i>Athbhreithniú Náisiúnta ÚAO ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ard-Oideachais</i> , Tuarascáil an Ghrúpa Saineolais, Meitheamh 2016. https://hea.ie/assets/uploads/2017/04/hea_review_of_gender_equality_in_irish_higher_education.pdf
04	<i>Nuálaíocht 2020, Straitéis na hÉireann maidir le Taighde agus Forbairt, Eolaíocht agus Teicneolaíocht</i> , An Coiste Idir-rannach maidir leis an Eolaíocht, an Teicneolaíocht agus an Nuálaíocht, 2015. https://dbei.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Innovation-2020.pdf
05	<i>Tionscadal Éireann 2040</i> , An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. https://www.gov.ie/en/campaigns/09022006-project-ireland-2040/

Aguisín

Seo a leanas liosta ónar féidir nasc a cheangal le téacs iomlán na bpleananna agus na straitéisí reatha a ndéantar tagairt dóibh sa Phlean Straitéiseach.

AP	Cláir Rochtana	https://www.tcd.ie/accessprogrammes/
AS	Athena SWAN	https://www.tcd.ie/tcgel/athena-swan/
BSDP	Plean Forbartha Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide	https://www.tcd.ie/business/
D&I	An Straitéis don Éagsúlacht & Cuimsiú	https://www.tcd.ie/diversity-inclusion/diversity-inclusion-strategy/
DTS	An Straitéis um Chlaochlú Digiteach	https://www.tcd.ie/strategy/
E3	E3 - Innealtóireacht, an Timpeallacht agus Teicneolaíochtaí Atá ag Teacht Chun Cinn	https://www.tcd.ie/e3/
ES	Straitéis Eastát Choláiste na Tríonóide Samhain 2018	https://www.tcd.ie/estatesandfacilities/assets/doc/Final%20TCD_Estates_Strategy_14_Nov_%20PDF%20for%20website.pdf
GBHI	Tionscnamh Domhanda na Sláinte Inchinne	http://gbhi.org/s/GBHI-Strategic-Plan.pdf
GRS3	Straitéis um Chaidreamh Domhanda 3	https://www.tcd.ie/strategy/
HT	Coláiste Sláintiúil na Tríonóide	https://www.tcd.ie/healthytrinity/assets/documents/TOR/Healthy%20Trinity-2019TORFinal.pdf
IS2	Straitéis Tionsclaíochta 2	https://www.tcd.ie/strategy/
LRES	Straitéis Bheo maidir le Taighde Barr Feabhais	https://www.tcd.ie/research/assets/pdf/Research Excellence Strategy.pdf
LS	Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath - Straitéis 2015-2020	https://www.tcd.ie/library/assets/pdf/strategy/library-strategy-2015-2020.pdf
LSDP	Plean Forbartha Scoil an Dlí	https://www.tcd.ie/strategy/
SOM	Plean Forbartha Scoil an Leighis	https://www.tcd.ie/strategy/
SST	Inbhuanaitheacht	https://www.tcd.ie/provost/sustainability/initiatives/
T@GCQ	Coláiste na Tríonóide @ Cé na Canálach Móire	https://www.tcd.ie/innovation-district/
TA21	Plean Fáis Rochtain 21 Choláiste na Tríonóide	https://www.tcd.ie/strategy/
TCD-SU	Plean Straitéiseach 2019-2023 Aontas na Mac Léinn i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	https://www.tcdsu.org/aboutus
TEP	Tionscadal Oideachais Choláiste na Tríonóide	https://www.tcd.ie/TEP/
TLRH	Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide - Institiúid Taighde na nEalaíon agus na nDaonnachtaí	https://www.tcd.ie/trinitylongroomhub/
TSJCI	Institiúid Ailse San Séamas Choláiste na Tríonóide	https://www.tcd.ie/research/themes/assets/pdf/Cancer%20Institute%20booklet.pdf

Is féidir eolas breise a fháil sna naisc thíos faoi na daoine a bheidh i mbun spriocanna an Phlean Straitéisigh, dá dtagraítear tríd an gcáipéis seo, a chur i bhfeidhm.

AR	An Chlárlann Acadúil	https://www.tcd.ie/academicregistry/
CSD	Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha	https://www.tcd.ie/corporate-services/
CT	CONSULT Choláiste na Tríonóide	https://www.tcd.ie/innovation/consult/
DGS	Déan an Léinn Iarchéime	https://www.tcd.ie/graduatestudies/
DR	An Déan Taighde	https://www.tcd.ie/research/
DS	Déan na Mac Léinn	https://www.tcd.ie/dean_students/
FAHSS	Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta	https://ahss.tcd.ie/
FEMS	Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta	https://ems.tcd.ie/
FHS	Dámh na nEolaíochtaí Sláinte	https://www.tcd.ie/healthsciences/
FSD	An Rannóg Seirbhísí Airgeadais	https://www.tcd.ie/financial-services/
HR	Acmhainní Daonna	https://www.tcd.ie/hr/
HRB	An Bord Taighde Sláinte	https://www.hrb.ie/
IRC	An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	http://research.ie/
PAC	Gnóthaí Poiblí & Cumarsáid	https://www.tcd.ie/Communications/
PO	Oifig an Phrofaist	https://www.tcd.ie/provost/
RG	An Clárathoir	https://www.tcd.ie/registrar/
SFI	Fondúireacht Eolaíochta Éireann	https://www.sfi.ie/
SL	An Léachtóir Sinsearach	https://www.tcd.ie/undergraduate-studies/
SO	Oifig an Rúnaí	https://www.tcd.ie/Secretary/
ST	An tOide Sinsearach	https://www.tcd.ie/seniortutor/
TAP	Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide	https://www.tcd.ie/trinityaccess/
TG	Tangent	https://www.tcd.ie/tangent/
TJH	Comhchém Onóracha Choláiste na Tríonóide	https://www.tcd.ie/tsm-tjh/
TR&I	Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide	https://www.tcd.ie/innovation/
TT&L	Teagasc agus Foghlaim Choláiste na Tríonóide	https://www.tcd.ie/teaching-learning/
VPO	Oifig an Leas-Phrofaist/an Phríomhoifigigh Acadúil	https://www.tcd.ie/academic-services/vpcao



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Ollscoil Átha Cliath



Oifig an Phropaist

Teach 1, Coláiste na Tríonóide
Baile Átha Cliath 2, Éire

+353 1 896 4362

provost@tcd.ie

www.tcd.ie

